



An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2025  
(OR. en)

12050/25

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0246 (COD)**

---

---

**STATIS 58  
PECHE 228  
IA 103  
CODEC 1113**

### **NÓTA CLÚDAIGH**

---

|                           |  |
|---------------------------|--|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir  |
| dáta a fuarthas:          | 30 Iúil 2025   |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh  |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 435 final  |
| Ábhar:                    | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009 agus (CE) Uimh. 218/2009 |

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 435 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 435 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025  
COM(2025) 435 final

2025/0246 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009 agus (CE) Uimh. 218/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2025) 224 final} - {SWD(2025) 232 final} - {SWD(2025) 233 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Ó bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa sna 1950idí, tá staidreamh iascaigh na hEorpa<sup>1</sup> curtha ar fáil ag Eurostat maidir le gabhálacha éisc, gabhálacha a thugtar i dtír, cabhlach iascaireachta an Aontais agus do Bharshaothrú, rud atá riachtanach do ghníomhaíochtaí an Aontais. Cumhdaítear an staidreamh sin faoi láthair le cúig ghníomh dlí a théann siar go dtí na 1990idí le hathmhúnlú sna 2000idí<sup>2</sup>. Leagtar síos leis na rialacháin, i measc nithe eile, na hathróna staidrimh, na limistéir iascaireachta a chumhdaítear<sup>3</sup>, tréimhsí tagartha, spriocdhátaí tarchuir agus critéir cháilíochta staidrimh.

Tá gá le staidreamh oifigiúil na hEorpa atá ábhartha, iontaofa, cuimsitheach agus tráthúil chun beartais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hiascaireacht, a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Tá gá leis an staidreamh sin, go háirithe, le haghaidh na nithe seo a leanas: (i) beartais acmhainní bitheolaíoch na mara a chaomhnú; (ii) an combhbheartas iascaigh (CBI)<sup>4</sup>, lena n-áirítear do Bharshaothrú; (iii) agus beartais agus reachtaíocht an Aontais, mar shampla, maidir leis an gcomhshaol, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide, réigiúin, sláinte phoiblí, sábháilteacht bia agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Úsáidtear an staidreamh sin freisin chun faireachán a dhéanamh ar thionchar an iascaigh ar speicis íogaire agus ar ghnáthóga íogaire, agus ar thionchar an do Bharshaothraithe ar cháilíocht an uisce.

---

<sup>1</sup> Tabhair do d'aire, le haghaidh na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair, gur úsáideadh an téarma 'iascach'. Mar sin féin, chun é a ailíniú leis an gcombhbheartas iascaigh, úsáidtear an téarma 'iascach'.

<sup>2</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91, IO L 403, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1921/oj>; Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le do Bharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle, IO L 218, 13.8.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/762/oj>; Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú), IO L 87, 31.3.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/216/oj>; Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú) IO L 87, 31.3.2009, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/217/oj>; Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú), IO L 87, 31.3.2009, lch. 70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/218/oj>.

<sup>3</sup> Faoi láthair, cumhdaíonn na rialacháin maidir le staidreamh iascaigh na hEorpa ar ghabhálacha seacht limistéir iascaireachta FAO gar don Aontas: 21 — An tAtlantach Thiar Thuaidh, 27 — An tAtlantach Thoir Thuaidh, 34 — An tAtlantach Thoir Láir, 37 — an Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh, 41 — an tAtlantach Thiar Theas, 47 — an tAtlantach Thoir Theas, agus 51 — an tAigéan Indiach Thiar.

<sup>4</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gCombhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj>.

Feidhmíonn staidreamh iascaigh na hEorpa mar bhonn do bhailiúcháin sonraí eile, amhail an Creat um Bailiú Sonraí<sup>5</sup>, agus tá siad ábhartha do tháirgeadh inbhuanaithe bia, go háirithe i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Le blianta beaga anuas, tá éilimh nua ar shonraí mar thoradh ar athchóirithe CBI agus ar thionscnaimh nua de chuid an Aontais. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na bhfoinsí sonraí riaracháin agus eile chun staidreamh iascaigh a thiomsú. Tá forluí ann freisin idir sreafaí sonraí iascaigh ó Bhallstáit an Aontais chuig ranna éagsúla den Choimisiún Eorpach, agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla. Tá gá le gníomh dlí nua chun na dúshlán sin a shárú.

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa feabhas a chur ar a n-ábharthacht trí riachtanais na n-úsáideoirí a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí. Staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa: (i) an cumhdach staidrimh a leathnú, mar shampla, maidir le do bharshaothrá orgánach agus bunaíochtaí do bharshaothraithe AE; (ii) méid na sonraí rúnda a laghdú; agus (iii) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta sna sonraí tuairiscithe. Ina theannta sin, i gcomhréir le tosaíocht an Aontais maidir le simpliú, cuireann staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa aon rialachán amháin in ionad cúig rialachán atá ann cheana, agus laghdaítear an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit.

Príomhghné nuálach de staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa is ea úsáid a bhaint as bunachair sonraí atá ann cheana, a bunaíodh le dlí an Aontais agus atá ar fáil don Choimisiún, chun staidreamh oifigiúil Eorpach ar ghabhálacha agus ar chabhlach iascaireachta an Aontais a tháirgeadh, agus ar an gcaoi sin an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú. Leis an gcur chuige sin, is féidir staidreamh nua a tháirgeadh maidir le hábhar muirí aiscurtha, maidir le hiascach áineasa agus maidir le tionchar gabhálacha ar speicis íogaire, gan ualach breise a chur ar fhreagróirí.

Ina theannta sin, ceapadh staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa: chun ceanglais sonraí na bpríomheagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh, amhail Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), chomh maith le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Cuireann an togra ar chumas Eurostat na sonraí a tharchur thar ceann na mBallstát chuig na heagraíochtaí sin, rud a laghdóidh dúbláil iarrachta agus a laghdóidh an t-ualach riaracháin a bhaineann le hoibleagáidí iomadúla tuairiscithe.

Is cuid de chlár REFIT<sup>6</sup> é an tionscnamh agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar fheidhmíocht na bunreachtaíochta agus na hualaí agus na costais ghaolmhara a laghdú an tráth céanna. Is é an costas iomlán measta a bhaineann le staidreamh iascaigh na hEorpa a tháirgeadh ná thart ar EUR 5.6 milliún in aghaidh na bliana do 27 mBallstát an Aontais agus don Choimisiún Eorpach, agus is é an Coimisiún Eorpach a thabhaíonn thart ar 5 % de sin. Meastar go laghdóidh an togra reachtach na costais a bhaineann le sonraí maidir le gabhálacha a bhailiú faoi EUR 1.2 milliún in aghaidh na bliana.

---

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (athmhúnlú); IO L 157, 20.6.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj>.

<sup>6</sup> REFIT — Is é is aidhm do chlár an Choimisiúin Eorpaigh um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála a chinntiú go mbaineann dlíthe an Aontais a gcuspóirí amach ar an gcostas is ísle is féidir chun tairbhe daoine aonair agus gnólachtaí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh, is é Eurostat táirgeoir staidreamh oifigiúil iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír, cabhlach iascaireachta agus táirgeadh do Bharshaothraithe.

Tá nasc idir staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa: agus gníomhartha dlí eile, amhail an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, an Rialachán um Rialú<sup>7</sup>, a leasaíodh le déanaí<sup>8</sup>, an Creat um Bailiú Sonraí<sup>9</sup>, clár cabhlaigh an Aontais<sup>10</sup> agus an Rialachán maidir le táirgeadh orgánach<sup>11</sup>. Tá na coincheapa agus na sainmhínte a úsáidtear sa togra comhsheasmhach le coincheapa agus sainmhínte na ngníomhartha dlíthiúla thuasluaite, lena n-áiríthítear creat dlíthiúil comhtháite agus cuimsitheach le haghaidh staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe agus beartais an Aontais sa réimse sin. Tá sé rithábachtach go gcloífidh an togra reachtach nua seo go dlúth leis na sainmhínte agus na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán um Rialú chun comhsheasmhacht agus beachtas a choinneáil.

Rialaíonn CBI earnáil an iascaigh san Aontas trí chreat a chruthú lena ndéantar an méid seo a leanas: (i) a thugann treoir don earnáil; (ii) leagtar amach ann na rialacha maidir le cabhlach iascaireachta an Aontais a bhainistiú; agus (iii) féachann sé le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta iascaigh na hEorpa a áirithiú. Chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, tá sé d'oibleagáid ar údarais iascaigh Bhallstáit an Aontais sonraí a bhailiú a bhaineann le rialú iascaigh lena gcumhdaítear an slabhra táirgthe agus dáilte ina iomláine (e.g. gabháil, tabhairt i dtír, iompar agus céad díolacháin, chomh maith le sonraí maidir le hiarracht iascaireachta, saintréithe soithí, ceadúnais iascaireachta, etc.). Áirítear ar na príomhfhoinsí sonraí logleabhair, dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, doiciméid iompair, nótaí díolacháin, tuarascálacha cigireachta, agus taifid ar an gcóras faireacháin soithí. Déantar sonraí maidir le gabhálacha agus maidir le cabhlach iascaireachta an Aontais a tharchur chuig Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE). Tá sonraí breise, e.g. le haghaidh faireachán eolaíoch agus comhshaoil agus a

<sup>7</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj>.

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach, IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj>.

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (athmhúnlú), IO L 157, 20.06.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj>.

<sup>10</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, IO L 34, 9.2.2017, lch. 9, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2017/218/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/218/oj).

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj>.

thacaíonn le CBI, á rialú ag an gCreat um Bailiú Sonraí agus tarchuirtear iad chuig Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh. D'fhéadfaí na sonraí sin go léir, a bhailítear faoi reachtaíocht an Aontais agus a chuirtear ar fáil don Choimisiún, a athúsáid chun staidreamh oifigiúil Eorpach a thiomsú, agus ar an gcaoi sin an prionsabal 'bailigh uair amháin, úsáid roinnt uaireanta' a chur chun feidhme.

Cuireann Eurostat staidreamh iascaigh na hEorpa ar fáil freisin d'Fhaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA)<sup>12</sup>, seirbhís arna bunú ag AS MARE chun faisnéis mhargaidh sheachtainiúil, mhíosúil agus bhliantúil a sholáthar d'earnáil an iascaigh chun feabhas a chur ar phleanáil táirgthe agus chun táirgeadh a mhéadú. Ina theannta sin, cuireann Eurostat staidreamh iascaigh na hEorpa ar fáil don Líonra Breathnóireachta agus Sonraí Muirí Eorpach (EMODNET)<sup>13</sup>, tionscnamh fadtéarmach sonraí muirí arna mhaoiniú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Úsáideann EMODNET sonraí maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír agus dobharshaothrú agus cuireann sé i láthair iad go comhleanúnach agus go comparáideach trína thairseach léirshamhlaithe ar líne<sup>14</sup>.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tacaíonn staidreamh iascaigh le beartas trádála, anailís eacnamaíoch agus beartas comhshaoil an Aontais. Is foinse sonraí ábhartha é staidreamh iascaigh na hEorpa le haghaidh na riachtanas seo a leanas: (i) úsáideoirí gairmiúla, amhail institiúidí taighde, eagraíochtaí iascaigh náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta; agus (ii) athdháileoirí sonraí, a úsáideann staidreamh iascaigh na hEorpa mar thagairt nó mar fhoinsé bhailíochtaíthe dá staidreamh féin, agus ar mhaithe le faireachán ar an margadh agus le hanailís mhargaidh i gcomhthéacs EUMOFA.

Chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chosaint, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún Eorpach ualaí rialála a laghdú agus dlíthe an Aontais a shimpliú. Tá ról ríthábhachtach ag an staidreamh i gceapadh beartas agus i bhfaireachán beartas, ag teacht le cuspóir uileghabhálach an Choimisiúin ualaí a laghdú. Cuireann staidreamh ardcháilíochta bonn eolais faoi chinntí beartais trí chuidiú leis an gCoimisiún Eorpach na réimsí is mó inar féidir tionchar a bheith ag laghdú ualaigh a shainnithint. Leagtar béim ann freisin ar dheiseanna chun próisis a chuíchóiriú, tacú le simpliú, agus meastachán a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha agus shóisialta na rialachán. Ina theannta sin, cabhraíonn staidreamh chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht rialachán, rud a chuireann ar chumas an Choimisiúin na rialacháin sin nach bhfuil gá leo nó a bhfuil ualach róthrom ag baint leo a bheachtú nó a aisghairm, agus ailíniú á dhéanamh le spriocanna an tionscnaimh seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

---

<sup>12</sup> <https://www.eumofa.eu/>.

<sup>13</sup> <https://emodnet.ec.europa.eu/en>.

<sup>14</sup> <https://emodnet.ec.europa.eu/geoviewer/>.

Leagtar amach in Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh)<sup>15</sup> inniúlacht an Aontais bearta a ghlacadh chun staidreamh a tháirgeadh nuair is gá chun a ghníomhaíochtaí a fheidhmiú.

Tá staidreamh oifigiúil Eorpach fíor-riachtanach chun faireachán cruinn neamhspleách a dhéanamh ar CBI, réimse beartais ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas acmhainní bitheolaíoch na mara a chaomhnú (Airteagal 3(d) den Chonradh) agus an chumhacht bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a leithdháileadh (Airteagal 43(3) den Chonradh). Tá staidreamh den sórt sin ríthábhachtach chun bainistiú agus leithdháileadh cothrom, éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní iascaigh a áirithiú, agus chun tacú le cinnteoireacht fheasach ar fud na mBallstát.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is foinse nádúrtha, in-athnuaite agus inchorraithe bia é an t-iascach. San Aontas, tá sé á rialú ag comhbheartas, an CBI, agus rialacha comhchoiteanna á nglacadh ar leibhéal an Aontais agus á gcur i bhfeidhm i ngach Ballstát. Is iad príomhchuspóirí CBI inbhuanaitheacht fhadtéarmach an iascaigh agus an dobhharshaothraithe a áirithiú ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de, agus foinse chobhsaí bia shláintiúil agus chothaithigh a chur ar fáil do mhuintir na hEorpa an tráth céanna.

Ní mór comhbheartas iascaigh a bheith bunaithe go bunúsach ar staidreamh oifigiúil Eorpach atá inchomparáide, tráthúil agus ar ardchaighdeán, nach féidir a áirithiú ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ach trí chur chuige coiteann comhordaithe amháin. Leis an reachtaíocht Eorpach maidir le staidreamh iascaigh agus dobhharshaothraithe, soláthraítear creat uile-Aontais chun sonraí a bhailiú agus staidreamh iascaigh agus dobhharshaothraithe a sholáthar trí úsáid a bhaint as coincheapa agus sainmhínte atá comhchuibhithe ar fud na mBallstát uile. Forchuirtear leis caighdeáin agus modheolaíochtaí coiteanna a tháirgeann ní hamháin torthaí inchomparáide a theastaíonn ó CBI agus ó bheartais eile de chuid an Aontais chun críoch bainistíochta agus anailíse, ach a fheabhsaíonn éifeachtúlacht, tráthúlacht agus iontaofacht freisin.

Ina theannta sin, ós rud é gurb ann do chreat dlíthiúil de chuid an Aontais, áirithítear sásraí rialaithe cáilíochta agus infhaighteach meiteashonraí. Ar na cúiseanna sin, leag soláthraithe náisiúnta staidreamh iascaigh na hEorpa agus páirtithe leasmhara institiúideacha béim ar an tábhacht a bhaineann le bunús dlí uile-Aontais.

- **Comhréireacht**

Pléitear comhréireacht i Roinn 8 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. Is freagairt chomhréireach í an ionstraim a roghnaíodh – creat dlíthiúil nua cuíchóirithe le haghaidh staidreamh iascaigh na hEorpa – chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach agus chun na fadhbanna a leagtar amach thuas a réiteach. Bhí gá leis toisc go gcuireann sé bealach níos fearr agus níos solúbtha ar fáil chun freastal ar riachtanais úsáideoirí ná mar a bheadh déanta ag athchóiriú reachtach agus eagraíochtúil nach bhfuil chomh cuimsitheach céanna ar staidreamh iascaigh na hEorpa. Thairis sin, ní rachaidh an creat dlíthiúil cuíchóirithe nua le haghaidh staidreamh iascaigh na hEorpa thar a bhfuil riachtanach chun nuachóiriú a dhéanamh ar na bailiúcháin sonraí maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír, cabhlach iascaireachta an Aontais agus dobhharshaothrú.

<sup>15</sup> An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lch. 47, ELI: [http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu\\_2012/oj](http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2012/oj).

- **An rogha ionstraime**

Is é an ionstraim a roghnaíodh rialachán nua lena mbunaítear creat dlíthiúil cuíchóirithe le haghaidh staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa. Is fearr an rogha sin ná treoir nó ionstraimí neamhcheangailteacha toisc gur gá gnéithe teicniúla agus forálacha cáilíochta, mar shampla, a ailíniú le staidreamh oifigiúil Eorpach ardcháilíochta atá inchomparáide ar fud na mBallstát. Tá rialachán lena n-áirítear forálacha cur chun feidhme agus tarmhligthe atá infheidhme go díreach sna Ballstáit fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin. Leis an gcur chuige sin, ráthaítear inchomparáideacht idir na Ballstáit agus, an tráth céanna, tugtar an tsolúbthacht dóibh a bhfoinsí sonraí a roghnú, ar choinníoll go gcomhlíonann na foinsí sin na critéir cháilíochta a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe.

### **3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar an gcóras de staidreamh iascaigh na hEorpa atá ann faoi láthair in 2019.<sup>16</sup> Ba é príomhchonclúid na meastóireachta gur foinse thábhachtach faisnéise neamhspleách ardcháilíochta é staidreamh iascaigh na hEorpa, a fhreastalaíonn ar chineálacha éagsúla riachtanas úsáideoirí atá nasctha le bainistiú iascaigh, faireachán ar an margadh agus taighde. Tá comhsheasmhacht inmheánach staidreamh iascaigh na hEorpa go maith agus tá a gcostais táirgthe íseal toisc, i bhformhór na mBallstát, go dtiomsaítear staidreamh ar ghabhálacha, ar ghabhálacha a thugtar i dtír agus ar dhobharshaothrú trí úsáid a bhaint as sonraí riaracháin a bhailítear chun críoch beartais. Bhí staidreamh iascaigh na hEorpa **éifeachtach** a mhéid a úsáidtear go dian é ar mhaithe le faireachán ar an margadh agus tá siad úsáideach d'eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail FAO.

An tráth céanna, aithníodh sa mheastóireacht go bhfuil athrú tagtha ar éilimh faisnéise, go háirithe, mar gheall ar athchóiriú CBI 2013. Ina theannta sin, léiríodh sa mheastóireacht go mbailítear roinnt sonraí in earnáil an dobharshaothraithe ach nach scaiptear iad ar chúiseanna rúndachta, toisc nach bhfuil ach líon teoranta cuideachtaí an-speisialaithe ag an earnáil. Thairis sin, deimhníodh sa mheastóireacht go n-eascaíonn neamhéifeachtúlachtaí as córais sonraí iascaigh an Aontais agus an domhain trí cheangal a chur ar gach tír tacair sonraí forluiteacha ach beagán éagsúil a thuairisciú do roinnt eagraíochtaí.

Léirigh anailís ar cé acu atá nó nach bhfuil staidreamh iascaigh na hEorpa comhsheasmhach le sonraí an Rialacháin um Rialú roinnt neamhréireachtaí leanúnacha. Cé go bhfuil siad sin fós beag ar an iomlán, tá siad mór i dtíortha na Meánmhara ina bhfuil an cabhlach iascaireachta comhdhéanta de líon mór soithí beaga.

Mar chonclúid, fuarthas amach sa mheastóireacht go n-éilíonn CBI staidreamh iascaigh ar ardchaighdeán atá neamhspleách agus oiriúnach don fheidhm, a fhreastalaíonn ar raon leathan riachtanas úsáideoirí agus a oireann go maith don éiceachóras sonraí iascaigh idirnáisiúnta foriomlán.

---

<sup>16</sup> Meastóireacht ar Staidreamh Iascaigh na hEorpa, [SWD\(2019\) 425](#).

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Is iad seo a leanas príomhchatagóirí na bpáirtithe leasmhara maidir le staidreamh iascaigh na hEorpa:

- **soláthraithe sonraí**, i.e. iascairí, táirgeoirí do bharshaothraithe, etc., a sholáthraíonn sonraí iascaigh mar shonraí riaracháin (e.g. ó logleabhair agus ó dhearbhuithé maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír) nó i suirbhéanna agus i ndaonáirimh;
- **táirgeoirí sonraí**, i.e. institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí iascaigh, agus a thiomsaíonn agus a tharchuireann staidreamh oifigiúil chuig Eurostat agus chuig eagraíochtaí eile;
- **úsáideoirí sonraí**:
  - *is iad na húsáideoirí institiúideacha* na húsáideoirí a bhfuil baint dhíreach acu le ceapadh beartas an Aontais ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le hinstiúidí náisiúnta taighde atá nasctha leis an gCreat um Bailiú Sonraí;
  - *athdháilitheoirí staidreamh* oifigiúil iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa a roinneann faisnéis agus táirgí eolais go poiblí bunaithe ar staidreamh iascaigh na hEorpa. Aithnítear EMODNET agus EUMOFA mar athdháileoirí. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is úsáideoirí institiúideacha agus, an tráth céanna, athdháileoirí iad FAO, ECFE agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála;
  - *úsáideoirí gairmiúla eile* a rannchuidíonn go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas ceaptha beartas ar leibhéal an Aontais agus a chuireann luach le staidreamh iascaigh na hEorpa, mar shampla, le hanailísí eolaíochá nó socheacnamaíochá. Áirítear orthu sin eagraíochtaí iascaigh gairmiúla de chuid an Aontais, comhairlí comhairleacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil cláir mhuirí acu, coinbhinsiúin farraige, meáin speisialaithe iascaigh, ollscoileanna, institiúidí taighde, eagraíochtaí iascaigh náisiúnta, eagraíochtaí do bharshaothraithe san earnáil phríobháideach agus cuideachtaí príobháideacha aonair;
  - níl ach suim sách íseal ag an *bpobal i gcoitinne agus ag na meáin* i staidreamh iascaigh agus níl ach tionchar an-teoranta acu.

Dá réir sin, bhí an straitéis chomhairliúcháin maidir le staidreamh iascaigh na hEorpa dírithe ar dhul i bhfeidhm ar na grúpaí páirtithe leasmhara sin agus rinneadh raon mór gníomhaíochtaí comhairliúcháin idir 2018 agus 2020. Áiríodh orthu sin:

- *ceardlann* leis na Ballstáit maidir le láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí staidreamh iascaigh na hEorpa ó thaobh na n-institiúidí staidrimh náisiúnta de;
- 16 agallamh *dhoimhne* le príomhpháirtithe leasmhara, mar shampla lucht ceaptha beartas agus rannchuiditheoirí CBI, maidir lena n-úsáid, a riachtanais agus a n-ionchais maidir le staidreamh iascaigh na hEorpa. Ba iad na príomhpháirtithe leasmhara athdháileoirí (i.e. eagraíochtaí a athdháileann staidreamh iascaigh na hEorpa trína mbunachair sonraí féin agus a chuireann faisnéis ó thíortha nó ó limistéir eile leis) agus úsáideoirí gairmiúla rialta (eagraíochtaí a dteastaíonn staidreamh iascaigh na hEorpa uathu chun a bpríomhghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh);

- sé *chás-staidéar náisiúnta* agus *cás-staidéar* do bharshaothraithe trastíre amháin chun forléargais agus anailísí mionsonraithe a sholáthar ar chineálacha éagsúla cur chuige bailithe sonraí agus comhair. Ba é cuspóir na gcás-staidéar forléargas a thabhairt ar na socrúithe náisiúnta chun staidreamh iascaigh na hEorpa a bhailiú agus anailís níos mionsonraithe a dhéanamh orthu. Bhí siad mar bhonn freisin chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-eagraítear comhar éagsúil maidir le sonraí a bhaineann le hiascach sna Ballstáit agus ar an gcaoi a n-oibríonn eagraíochtaí i gcomhar le chéile. Ina theannta sin, bhí sé d'aidhm ag na *cás-staidéir* anailís a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáideann úsáideoirí sonraí náisiúnta staidreamh iascaigh na hEorpa agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil staidreamh iascaigh na hEorpa ag freastal ar a riachtanais ó thaobh dearcadh náisiúnta de. Rinneadh na *cás-staidéir* náisiúnta sa Danmhairg, in Éirinn, sa Ghréig, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Pholainn. Ina theannta sin, sa *chás-staidéar* tacaíochta trasearnálach ar dhobharshaothrú, inar díriodh go háirithe ar shaincheist na rúndachta sonraí, cumhdáíodh na tíortha thuasluaite, chomh maith leis an nGearmáin;
- rinneadh *suirbhé ar líne* mar chomhairliúchán spriocdhírthe dírithe ar shaineolaithe le ceisteanna ginearálta agus sonracha faoi staidreamh iascaigh na hEorpa: a áirgiúlacht, a éascaíocht úsáide, costas an bhailithe, cáilíocht staidrimh, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht. D'fhreagair 135 eagraíocht nó duine aonair as 353 a ndeachthas i dteagmháil leo. Fuarthas freagraí ó 33 as 36 thír a ndeachthas i dteagmháil leo (lena n-áirítear Ballstáit, tíortha LEE, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha);
- *comhairliúchán poiblí* chun faisnéis a bhailiú ó úsáideoirí gairmiúla, ó dhaoine aonair agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir lena dtaithí ar staidreamh iascaigh na hEorpa. D'fhreagair 24 fhreagróir an ceistneoir.

Ós rud é gur lean an measúnú tionchair ar staidreamh iascaigh na hEorpa díreach tar éis na meastóireachta, d'athúsáid sé cuid mhór den fhianaise a bailíodh le haghaidh na meastóireachta. Ina theannta sin, in 2019-2020, d'eagraigh sé comhairliúcháin shonracha leis an bpobal i gcoitinne, le saineolaithe (úsáideoirí sonraí) agus le táirgeoirí sonraí.

- Comhairliúchán *leis an bpobal i gcoitinne*: (i) dírithe ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann staidreamh iascaigh na hEorpa riachtanais na bhfreagróirí; agus (ii) ceadaíodh do fhreagróirí trácht a dhéanamh ar chuspóirí agus roghanna féideartha an mheasúnaithe tionchair agus iad a rangú, agus aiseolas a thabhairt ar thionchair fhéideartha na roghanna. Fuair sé 15 fhreagra, agus tháinig creat dlíthiúil cuíchóirithe nua chun cinn mar an rogha thosaíochta.
- Díriodh sa *chomhairliúchán le saineolaithe* ar riachtanais sonraí agus fuarthas 35 fhreagra. Thug na freagróirí freagraí mionsonraithe ar na nithe seo a leanas: (i) a riachtanais sonraí maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír agus do bharshaothrú; (ii) a roghanna maidir le minicíocht agus tráthúlacht na sonraí; agus (iii) na críocha ar chucu a úsáideann siad staidreamh iascaigh na hEorpa (e.g. anailísí margaidh agus inrianaitheachta).
- Chuathas *i gcomhairle le táirgeoirí sonraí* le linn chruinniú bliantúil an Ghrúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Talmhaíochta agus Iascaigh (DGAS). D'fhreastail na Ballstáit uile agus tíortha LEE, chomh maith le roinnt tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, ar an gcruinniú. Ba é an cuspóir a bhí ann na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na dréacht-roghanna a cheapadh, roghanna eile a mholadh, na roghanna a rangú agus cur leis an measúnú tionchair.

Tar éis na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair, leanadh den chomhairliúchán leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- roinnt *cruinnithe struchtúrtha*, a tionóladh in 2022 agus 2023 le pearsanra institiúideach, eagraíochtaí eanála, ionadaithe ó na Ballstáit, táirgeoirí príobháideacha, eagraíochtaí eanála agus eolaithe;
- bhí roinnt cruinnithe de mheithleacha staidrimh iascaigh *Eurostat agus* cruinniú tiomnaithe amháin de chuid DGAS, a bhí ar siúl in 2022 agus 2023, rithábhachtach chun an rogha is oiriúnaí don fheidhm a roghnú as measc na gcur chuige teicniúil éagsúil agus chun nósanna imeachta modheolaíochta a mhionchoigeartú. I measc ionadaithe eile, ghlac ionadaithe ó Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe<sup>17</sup> agus ó Chomhlachas Bithmhaise Algaí na hEorpa<sup>18</sup> páirt sna cruinnithe sin.
- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhailigh agus d'úsáid an Coimisiún na cineálacha éagsúla saineolais sheachtraigh a cuireadh i dtábhacht sa roinn maidir le 'comhairliúcháin le páirtithe leasmhara' thuas chun an reachtaíocht maidir le staidreamh iascaigh na hEorpa a mhúnlú agus a fhorbairt. Bhí ról rithábhachtach ag institiúidí staidrimh náisiúnta, a rannchuidigh lena saineolas trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i meithleacha, i dtascfhórsaí agus in DGAS a bhaineann go sonrach le réimse ar leith. D'éascaigh na cruinnithe sin plé fairsing agus malartú tuairimí.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair ar staidreamh iascaigh na hEorpa in 2021 agus fuair sé tuairim dhearfach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 4 Meitheamh 2021<sup>19</sup>. Foilseofar na doiciméid sin in éineacht leis an togra dlíthiúil agus beidh siad ar fáil ach iad a iarraidh go dtí sin.

Chun cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe a bhaint amach, breithníodh ceithre rogha.

1. An cás bunlíne; i.e. leanúint le staidreamh iascaigh na hEorpa atá ann faoi láthair.
2. Deireadh a chur le staidreamh iascaigh na hEorpa.
3. Creat dlíthiúil cuíchóirithe nua le haghaidh staidreamh iascaigh na hEorpa.
4. Bunús dlí nua don do Bharshaothrú agus tiomsú an staidrimh iascaigh atá ar fáil ó fhoinsí riaracháin ar leibhéal an Aontais; i.e. rogha hibrídeach idir rogha 2 agus rogha 3, ina scoirfí den staidreamh maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

I bhfianaise an mheasúnaithe tionchair, thorthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin agus an phlé le páirtithe leasmhara, ba í rogha 3 an rogha thosaíochta; i.e. **creat dlíthiúil cuíchóirithe nua le haghaidh staidreamh iascaigh na hEorpa**. Thacaigh na príomhúsáideoirí sonraí leis an rogha thosaíochta: ranna an Choimisiúin Eorpaigh, ECFE, FAO, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara, roinnt eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, tromlach mór na n-údarás staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh iascaigh sa Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus formhór na bhfreagróirí ar na comhairliúcháin.

<sup>17</sup> <https://unglobalcompact.org/>.

<sup>18</sup> <https://www.eaba-association.org/en>.

<sup>19</sup> Tuairim ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 04/06/2021, ARES(2021)3681988.

Is í an rogha sin is fearr a fhreagraíonn do chuspóirí chlár REFIT trí na cúig ghníomh dlí lena rialaítear staidreamh iascaigh na hEorpa faoi láthair a shimpliú agus a chuíchóiriú in aon chreat dlíthiúil comhleanúnach amháin. Leis an rogha thosaíochta, ceadaítear ceanglais staidrimh a ailíniú go solúbtha le riachtanais athraitheacha úsáideoirí a bhaineann le dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht ar CBI agus ar bheartais ghaolmhara an Aontais. Ina theannta sin, cuirtear straitéis chomhleanúnach ar fud an Choimisiúin agus ailtireacht athnuaithe le haghaidh staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa in ionad na gcineálacha cur chuige atá ann faoi láthair, ar cur chuige é atá neamhchomhordaithe agus dúbailte i bpáirt. Tá sé sin tábhachtach chun beartais a sheachadadh go héifeachtúil agus chun acmhainní a úsáid.

Thairis sin, tiocfaidh laghdú ar chostais agus ar ualaí ar bhealaí éagsúla mar thoradh ar an rogha sin. Ar an gcéad dul síos, laghdóidh sé bailiú dúbailte sonraí le haghaidh staidreamh gabhála, ós rud é gur féidir na sonraí a thógáil go díreach ó fhoinsí riaracháin ar leibhéal an Aontais. Laghdaíonn sé sin na costais riaracháin agus bailithe sonraí agus an t-am a chaitear ar fhreagróirí freisin, i.e. iascairí. Ar an dara dul síos, tá staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa ailínithe le riachtanais FAO, ECFE agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Tabharfaidh sé sin an rogha do na Ballstáit cead a thabhairt do Eurostat sonraí a tharchur, thar a gceann agus ar a gcomhaontú, chuig na heagraíochtaí sin agus, dá bhrí sin, laghdóidh sé oibleagáidí iomadúla tuairiscithe. Ar an tríú dul síos, beidh níos mó sonraí ar fáil d'úsáideoirí sonraí a luaithe a bheidh an struchtúr sonraí don dobharshaothrú simplithe, rud a fhágfaidh go mbeidh níos lú sonraí faoi rún. Ar an gceathrú dul síos, laghdóidh simpliú na sásraí tuairiscithe sonraí an t-ualach ar sholáthraithe sonraí agus ar tháirgeoirí sonraí.

Táthar ag súil go mbeidh staidreamh iascaigh na hEorpa níos ábhartha mar gheall ar an rogha thosaíochta, ós rud é go ndéanfaí an creat dlíthiúil nua a thabhairt cothrom le dáta chun riachtanais nua úsáideoirí a léiriú, amhail:

- gabhálacha iomlána, lena n-áirítear ábhar muirí aischurtha agus iascach áineasa, mar aon le faisnéis maidir le speicis íogaire;
- tabhairt i dtír chabhlach iascaireachta an Aontais ar fud an domhain agus tabhairt i dtír soithí tríú tír i gcalafoirt an Aontais;
- gnéithe orgánacha agus réigiúnacha an dobharshaothraithe.

Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le staidreamh Eorpach níos mionsonraithe agus níos tráthúla chun tacú le cur chun feidhme tionscnamh éagsúil de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear na pleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach, dobharshaothrú inbhuanaithe, geilleagar gorm inbhuanaithe, forbairt earnáil na n-algaí, aistriú fuinnimh san iascach agus sa dobharshaothrú agus cosaint éiceachórais mhuirí.

D'éireodh staidreamh iascaigh na hEorpa níos éifeachtaí, toisc go soláthródh sé na tairbhí atá ann cheana **fós** (e.g. a bheith ina ionad ilfhreastail le haghaidh staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe ardcháilíochta inchomparáide le hamshraitheanna fada a bhfuil rochtain ag cách orthu), chomh maith le creat dlíthiúil níos simplí agus níos cuíchóirithe lena féidir riachtanais úsáideoirí nua a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus freastal orthu ar bhealach níos fearr. Dá laghdófaí an tuairisciú dúbailte trí shainmhíntithe a ailíniú agus sreafaí sonraí a atheagrú, laghdófaí freisin na neamhréireachtaí idir foinsí éagsúla sonraí agus, dá bhrí sin, mhéadófaí iontaofacht, cruinneas agus inchomparáideacht idirnáisiúnta staidreamh iascaigh na hEorpa.

Baineann na **príomhchostais** dhíreacha do pháirtithe leasmhara leis na córais staidrimh agus theicniúla sa CSE a oiriúnú. Meastar go mbeidh na costais oiriúnaithe sin imeallach. Mar gheall ar úsáid níos éifeachtúla sonraí agus sreafaí sonraí simplithe, meastar go sábhálfar thart ar EUR 1,2 milliún in aghaidh na bliana sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar thoradh ar an mbunús dlí nua le haghaidh staidreamh iascaigh na hEorpa (bunaithe ar chostas iomlán measta a bhaineann le staidreamh iascaigh na hEorpa a tháirgeadh de thart ar EUR 5,6 milliún in aghaidh na bliana do na 27 mBallstát agus don Choimisiún Eorpach). Ba cheart go mbainfeadh na húdaráis staidrimh náisiúnta tairbhe as an gcoigilteas costais sin, toisc go dtiomsófaí cuid de staidreamh iascaigh na hEorpa go díreach ar bhonn sonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais do CBI, agus dhéanfaí sreafaí iomadúla sonraí a shimpliú ina riachtanais aonair lena gcuimsítear riachtanais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá tionchar **imeallach ag an tionscnamh seo ar FBManna agus ar an iomaíochas**, ós rud é gur cuideachtaí beaga nó meánmhéide iad formhór na gcuideachtaí in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe ar gá dóibh na sonraí a tharchur cheana féin chun críoch riaracháin. Thairis sin, déantar an chuid is mó de na staitisticí a tháirgeadh ó na tacair sonraí sin atá ann cheana. Ní féidir micrifhiontair a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu a eisiáimh ó shonraí staidreamh iascaigh na hEorpa a bhailiú toisc go bhfuil criúnna ag formhór shoithí iascaireachta an Aontais a bhfuil níos lú ná 10 mball iontu. Mar sin féin, is beag tionchar atá acu orthu.

Bíonn **tionchar díreach** ag rialacháin staidrimh ar na hacmhainní is gá chun ceanglais reachtacha staidreamh iascaigh na hEorpa a chomhlíonadh, amhail an bainistiú agus an t-am/ionchuir a éilíonn soláthraithe sonraí, táirgeoirí sonraí agus Eurostat. Tá siad sách teoranta, toisc go ndéanann na rialacháin difear go príomha do ghrúpa cúng soláthraithe sonraí ar gá dóibh na sonraí riaracháin a sholáthar ar aon nós, agus do líon beag eagraíochtaí atá freagrach as staidreamh a tháirgeadh, amhail údaráis staidrimh náisiúnta. Ós rud é go bhfuil rialacháin infheidhme go díreach sna Ballstáit, is tionchair iad na gníomhaíochtaí a spreagtar lena gcur chun feidhme, amhail bailiú, próiseáil agus bailíochtú staidrimh ag na tíortha agus ag Eurostat, a bhfuil costas ag baint leo ó thaobh acmhainní de. Mar sin féin, tá na costais teoranta, ós rud é go dtáirgeann CSE staidreamh iascaigh cheana féin agus nach bhfuil gá ach le coigeartuithe.

Bíonn tionchair fhorleathana **indíreacha ag staidreamh iascaigh na hEorpa** ar réimsí amhail bainistiú beartais agus caomhnú acmhainní muirí, toisc go n-éascaíonn siad ceapadh, cur chun feidhme agus faireachán beartais atá bunaithe ar fhianaise trí shonraí ardcháilíochta inchomparáide a sholáthar ar fud tíortha. Mar sin féin, tá sé dúshlánach na tionchair sin a bheartú agus a chainníochtú, toisc go bhfuil sé deacair a thuar conas a úsáidfidh lucht ceaptha beartais agus úsáideoirí eile an staidreamh agus an t-ualach a shannfaidh siad dóibh sa phróiseas cinnteoireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Coigilteas costais REFIT maidir leis an rogha thosaíochta:

| <i>Tuairisc</i>  | <i>Méid</i>   | <i>Nótaí</i>  |
|--|---|---|
| Sonraí gabhála: an t-ualach agus na costais a laghdú trí dheireadh a chur le tuairisciú dúbailte sonraí le | Coigilteas bliantúil le haghaidh costais dhíreacha a bhaineann le sonraí gabhála a mheastar a bheith thart ar EUR 1,2 milliún i | Tá sé beartaithe staidreamh maidir le gabhálacha a sholáthar ó fhoinsí sonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais. Ní bheadh ar na Ballstáit staidreamh |

|   |   |  |
|---|---|--|
| haghaidh gabhálacha.  | gcomparáid leis an mbonnlíne.   | gabhála a tharchur a thuilleadh.<br>Coigilteas costas díreach agus indíreach do tháirgeoirí sonraí (institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile). Tá an coigilteas costais bunaithe ar na figiúirí a chuireann na Ballstáit ar fáil, agus eascraíonn siad den chuid is mó as costais dhíreacha agus indíreacha phearsanra agus as costais suirbhéireachta.<br>San fhadtárma, meastar go mbeidh an t-athrú neodrach ó thaobh costais de don Choimisiún. |
| Athúsáid staidreamh iascaigh na hEorpa ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. | Laghú ar an ualach ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal na heagraíochta idirnáisiúnta, mar gheall ar dheireadh a chur le roinnt gníomhaíochtaí tarchurtha agus bailíochtaithe. | Baineann táirgeoirí sonraí (institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile) agus úsáideoirí sonraí (eagraíochtaí idirnáisiúnta) tairbhe as sreafaí sonraí simplithe; ‘bailigh uair amháin, úsáid roinnt uaireanta’.   |
| Éifeachtacht a fheabhsú: sonraí rúnda a laghdú.                       | Bheadh rochtain ag úsáideoirí sonraí ar níos mó sonraí ar an gcostas céanna a bhí ann roimhe seo.   | Tríd an struchtúr sonraí a shimpliú, bheadh níos mó sonraí ar fáil d’úsáideoirí ar an gcostas céanna agus ar an ualach céanna ar sholáthraithe sonraí agus ar tháirgeoirí sonraí.  |

Ar na cúiseanna a thuairiscítear thuas, tá teorainn leis na tionchair dhíreacha eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bhaineann le táirgeadh staidrimh oifigiúil.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

#### 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is ionann an costas iomlán measta a bhaineann le staidreamh iascaigh na hEorpa a tháirgeadh agus thart ar EUR 5,6 milliún in aghaidh na bliana do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach, agus is é an Coimisiún Eorpach a thabhaíonn thart ar 5 % de sin. Is é EUR 1,2 milliún an coigilteas costais bliantúil measta le haghaidh sonraí gabhála, i.e. 21 % de na costais iomlána.

Is ionann na costais sin agus 0,05 % de luach bliantúil tháirgeadh iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, luach atá an-íseal. Is é is cúis leis an gcostas íseal sin úsáid fhorleathan a bhaint as na sonraí riaracháin atá ar fáil mar shonraí foinseacha le haghaidh staidreamh maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír agus cabhlaigh.

Íocann na Ballstáit costais táirgthe as staidreamh iascaigh na hEorpa óna mbuiséid, toisc nach mór do na hinstiúidí staidrimh náisiúnta oibleagáidí dlíthiúla an Aontais maidir leis an staidreamh sin a chomhlíonadh agus a gcórais a chur in oiriúint go rialta do rialacháin nua nó nuashonraithe.

#### 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é gur rialacháin staidrimh é staidreamh iascaigh na hEorpa atá infheidhme go díreach i mBallstáit an Aontais, níl gá le tacaíocht speisialta ná le plean cur chun feidhme.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Níl aon doiciméad míniúcháin ag teastáil.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra dlíthiúil sin, bunaítear creat comhtháite le haghaidh staidreamh comhiomlánaithe iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) eastóscadh acmhainní bitheolaíocha na mara trí ghníomhaíochtaí iascaireachta agus a n-iontráil sa mhargadh; (ii) struchtúr na soithí gabhála; agus (iii) táirgeadh agus struchtúr bunaiochtaí dobharshaothraithe. Leagtar béim ann ar shonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais a athúsáid chun an staidreamh sin a thiomsú agus chun dúbailtí agus forluí sreafaí sonraí a laghdú chun ualaí agus costais a laghdú do sholáthraithe sonraí agus do tháirgeoirí sonraí náisiúnta.

Tar éis an t-ábhar agus an raon feidhme a shainiú, déantar na sonraí atá le bailiú a chatagóiriú in dhá phríomhréimse in Airteagal 1: iascach agus dobharshaothrú. Laistigh de na réimsí sin, leagtar amach ann topaicí agus topaicí mionsonraithe, a shonraítear a thuilleadh san Iarscríbhinn. Cuirtear téarmaí ábhartha (sainmhíneithe) agus aonaid bhreathnóireachta i láthair in Airteagail 2 agus 3. Le hAirteagal 4 bunaítear ceanglais sonraí agus leagtar amach na critéir chun na Ballstáit a dhíolmhú ó sonraí maidir le hathróa áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat). Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis freisin gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh chun topaicí agus topaicí mionsonraithe a chur leis, a scríosadh nó a athrú, agus chun gníomhartha a chur chun feidhme chun na tacair sonraí is gá agus a gcomhpháirteanna teicniúla a shonrú. Tá sé de bhuntáiste ag an struchtúr sin bonn comhchuibhithe a chur ar fáil leis na gnéithe coiteanna céanna le haghaidh gach topaice, agus difríochtaí idir ábhair sa reachtaíocht thánaisteach á láimhseáil an tráth céanna.

Leagtar síos in Airteagal 5 gur féidir leis an gCoimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh chun sonraí a bhailiú ar bhonn *ad hoc* má mheastar gur gá sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise staidrimh. Soiléirítear in Airteagal 6 cumhdach an staidrimh faoin rialachán.

Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 7 – mura ndéanann Ballstát agóid – staidreamh náisiúnta agus Eorpach maidir le gabhálacha agus cabhlach a tháirgeadh trí athúsáid a bhaint as na sonraí ábhartha ó na bunachair sonraí nó ó na cláir arna mbunú le dlí an Aontais a choinníonn an Coimisiún ar bun nó a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta agus a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún orthu. Déantar foráil in Airteagal 7 freisin maidir leis an bhféidearthacht staidreamh Eorpach a tháirgeadh maidir le gabhálacha a thugtar i dtír agus maidir le dobharshaothrú agus úsáid á baint as an gcur chuige céanna amach anseo.

Sonraítear in Airteagal 8 na foinsí sonraí nach mór do na Ballstáit a úsáid, ar choinníoll go gcumasaítear leo staidreamh Eorpach a tháirgeadh a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11 den Rialachán seo. Tugtar isteach le hAirteagal 9 an fhéidearthacht agus na coinníollacha don Choimisiún (Eurostat), i gcomhaontú leis an

mBallstát lena mbaineann, na sonraí comhiomlánaithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, idir-rialtasacha agus réigiúnacha bainistithe iascaigh.

Tagraíonn Airteagal 10 agus Airteagal 11 do na tréimhsí tagartha agus don tuairisciú cáilíochta a bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leith. Le hAirteagal 12 bunaítear córas idirthréimhseach chun sonraí maidir le gabhálacha ó iascach áineasa agus sonraí maidir le gabhálacha speiceas íogair a tharchur, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, go dtí go mbeidh na sonraí sin ar fáil.

Sonraítear in Airteagal 13 na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ranníocaíocht airgeadais ón Aontas. Leagtar amach in Airteagail 14-18 sásraí chun maoluithe a dheonú agus tarmligeán a fheidhmiú, chomh maith leis an nós imeachta coiste, aisghairm agus teacht i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009 agus (CE) Uimh. 218/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá staidreamh Eorpach atá iontaofa, cuimsitheach agus tráthúil fíor-riachtanach chun beartais agus reachtaíocht an Aontais a bhaineann le hiascach agus do Bharshaothrú a cheapadh, a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe faoi raon feidhme an chomhbheartais iascaigh ('CBI')<sup>1</sup>. Cuidíonn an staidreamh sin freisin le measúnú a dhéanamh ar thionchar an iascaigh agus an do Bharshaothraithe ar fhorbairt gnó, ar shlándáil bia, ar cháilíocht an uisce, ar speicis íogaire, ar ghnáthóga, ar an athrú aeráide agus ar an tsláinte phoiblí, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh agus ar bhaint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.
- (2) Ba cheart staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa a cheapadh chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí straitéiseacha an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip<sup>2</sup>.
- (3) Faoi láthair, bailítear staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa ar bhonn cúig ghníomh dlí nach soláthraíonn comhsheasmhacht iomlán ar fud na réimsí

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj>.

<sup>2</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/ 640 final).

staidrimh. Tá gá le comhchreat dlíthiúil chun comhsheasmhacht a áirithiú, próisis staidrimh a chuíchóiriú agus cur chuige níos iomlánaíche a chumasú.

- (4) Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le staidreamh Eorpach níos mionsonraithe agus níos tráthúla chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme<sup>3</sup>, chomh maith le tionscnaimh éagsúla de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear na pleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach<sup>4</sup>, dobharshaothrú inbhuanaithe<sup>5</sup>,<sup>6</sup> geilleagar gorm inbhuanaithe<sup>7</sup>, forbairt earnáil na n-algaí<sup>8</sup>, aistriú fuinnimh san iascach agus sa dobharshaothrú<sup>9</sup>, agus cosaint éiceachórais mhuirí<sup>10</sup>.
- (5) Leagadh béim sna Rúin ón bParlaimint freisin ar an tábhacht a bhaineann le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa<sup>11,12</sup>.
- (6) Tá an tAontas, mar shínteoir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige<sup>13</sup>, tiomanta d'iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus feidhmíonn sé

<sup>3</sup> Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj/eng>; Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú. IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj>; agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj>.

<sup>4</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt (COM/2021/141 final).

<sup>5</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú an Aontais atá níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021 go 2030], (COM/2021/236 final).

<sup>6</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le Dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle (COM/2023/597 final).

<sup>7</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige nua do gheilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach *Transforming the EU's Blue Economy for a Sustainable Future* [Geilleagar Gorm an Aontais a Chlaochlú le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe] (COM/2021/240 final).

<sup>8</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector* [i dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas], (COM/2022/592 final).

<sup>9</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAistriú Fuinnimh earnáil Iascaigh agus Dobharshaothraithe an Aontais – (COM(2023) 100 final).

<sup>10</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta an Aontais: *Protecting and restoring marine ecosystems for sustainable and resilient fisheries* [Cosaint agus athbhunú na n-éiceachóras muirí le haghaidh iascach inbhuanaithe athléimneach] (COM/2023/102 final).

<sup>11</sup> Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2022 maidir le 'i dtreo geilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas: ról na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe (2021/2188(INI)).

<sup>12</sup> Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hiarracht a dhéanamh dobharshaothrú inbhuanaithe agus iomaíoch a bhaint amach san Aontas Eorpach: an bealach chun cinn (2021/2189(INI)).

a chumhachtaí maidir le caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus iascaireacht a leagtar amach faoi Airteagal 3(1), pointe (d) agus Airteagal 4(2), pointe (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- (7) Socraíonn Meitheal Comhordaithe FAO um Staidreamh Iascaigh<sup>14</sup> caighdeán idirnáisiúnta maidir le staidreamh iascaigh, lena n-áirítear coincheapa agus aicmithe, amhail na limistéir iascaireachta chun críoch staidrimh agus liosta speiceas an Chórais um Eolaíocht Uisceach agus um an gCóras Faisnéise Iascaigh. Ba cheart go leanfadh staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa na caighdeáin sin i gcás inarb infheidhme.
- (8) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>15</sup>, bunaítear creat coiteann le haghaidh staidreamh Eorpach, agus béim á leagan ar chritéir cháilíochta, agus íoslághdú á dhéanamh ar an ualach freagróra agus riaracháin.
- (9) Tá comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht sonraí, chomh maith le formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe, ríthábhachtach d'éifeachtúlacht an bhailithe sonraí agus do cháilíocht staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa.
- (10) Ba cheart don Rialachán sin a iarrataí ar shonraí, a shainmhíne, a mhodheolaíochtaí agus a fhoráidí tuairiscithe a ailíniú le hiarrataí, sainmhíne, modheolaíochtaí agus formáidí tuairiscithe FAO agus ECFE chun comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht a fheabhsú, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.
- (11) Ba cheart staidreamh do Bharshaothraithe na hEorpa a bheith bunaithe ar shainmhíniú soiléir ar 'bhunaíochtaí do Bharshaothraithe' lena ndéantar an méid seo a leanas: (i) idirdhealú breise a dhéanamh idir iad agus staidreamh faoi Dhlí an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe<sup>16</sup>; agus (ii) cuirtear saintréithe uathúla an do Bharshaothraithe (lena n-áirítear táirgeadh plandaí, algaí agus cianabaictéir) agus cómhaireachtáil línte táirgthe éagsúla san áireamh.
- (12) Tá staidreamh maidir le táirgeadh do Bharshaothraithe orgánaigh ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le táirgeadh orgánach. Chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart sonraí riaracháin ó Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup> a úsáid a mhéid is féidir.

---

<sup>13</sup> [https://www.un.org/Depts/los/convention\\_agreements/texts/unclos/unclos\\_e.pdf](https://www.un.org/Depts/los/convention_agreements/texts/unclos/unclos_e.pdf).

<sup>14</sup> Arna chur ar bun in 1959 faoi Rún 23/59 den Deichiú Seisiún de Chomhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), <http://www.fao.org/3/x5573E/x5573e0c.htm#Resolution23>.

<sup>15</sup> Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj>.

<sup>16</sup> Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'), IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj>.

<sup>17</sup> Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj>.

- (13) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup> a chur i bhfeidhm maidir le sonraí faoi aonaid chríochacha talún.
- (14) Chun freastal ar éilimh faisnéise atá ag teacht chun cinn, is féidir sonraí *ad hoc* maidir le hiascach agus dobharshaothrú a bhailiú. Ba cheart an iarraidh bhreise sin ar shonraí a bheith cuí-réasúnaithe agus níor cheart ualach díréireach a chur ar fhreagróirí ná ar údarais náisiúnta léi.
- (15) Ba cheart an struchtúr sonraí a úsáidtear sa Rialachán seo a bheith inchomparáide leis an gCreat um Bailiú Sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>19</sup>.
- (16) Le modhanna bailithe sonraí, ba cheart na costais agus an t-ualach riaracháin ar fhreagróirí a íoslághdú, lena n-áirítear frontair bheaga agus mheánmhéide agus na Ballstáit.
- (17) Chun tuairisciú iolrach ó na Ballstáit a sheachaint, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) staidreamh ar ghabhálacha agus ar chabhlach iascaireachta an Aontais a tháirgeadh ó shonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais arna mbailiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009<sup>20</sup> ón gComhairle agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún<sup>21</sup>, a mhéid is féidir.
- (18) Chun táirgeadh staidrimh a dhéanamh níos éifeachtúla, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foinsí agus modhanna éagsúla sonraí a úsáid, lena n-áirítear foinsí riaracháin, suirbhéanna, iontráil bharúlach, meastachán agus samháltú. Ba cheart réitigh dhigiteacha, uirlisí faireacháin<sup>22</sup> agus cianbhraiteoirí a chur chun cinn freisin, agus cáilíocht, cruinneas, tráthúlacht agus inchomparáideacht an staidrimh á n-áirithiú an tráth céanna.
- (19) Ba cheart bearta a leagan amach faoin Rialachán seo chun a áirithiú go n-úsáidfear sonraí rúnda i gcomhréir le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
- (20) Féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) sonraí comhiomlánaithe a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta chun críocha staidrimh nó eolaíocha, agus chun na gcríoch sin amháin, d'fhonn an t-ualach tuairiscithe a laghdú.

<sup>18</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj>).

<sup>19</sup> Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí san earnáil iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (athmhúnlú), IO L 157, 20.6.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj>.

<sup>20</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj>.

<sup>21</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais C/2017/0504, IO L 34, 9.2.2017, lch. 9, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2017/218/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/218/oj).

<sup>22</sup> Amhail clár an Aontais um fhaire na Cruinne, Copernicus, <https://www.copernicus.eu/en>.

- (21) Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) staidreamh agus tuarascálacha cáilíochta arna dtiomsú faoin Rialachán seo a scaipeadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
- (22) D’fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (‘ESSC’) an Struchtúr Meiteashonraí Comhtháite Aonair (‘SIMS’)<sup>23</sup> mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud a rannchuidíonn le caighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna comhchuibhithe.
- (23) Le Moladh (AE) 2023/397<sup>24</sup> ón gCoimisiún, iarrtar ar na Ballstáit coincheapa staidrimh SIMS a chur i bhfeidhm agus tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta á dtiomsú acu, agus an Moladh a chur chun feidhme a mhéid atá sé ábhartha maidir le staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe.
- (24) Moladh i meastóireacht an Choimisiúin ar staidreamh iascaigh na hEorpa (ó 2019)<sup>25</sup> go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana chun freastal ar riachtanais staidrimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
- (25) Moladh sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún ar staidreamh iascaigh na hEorpa (ó 2021) gur cheart tosaíocht a thabhairt d’éifeachtacht agus d’ábharthacht an staidrimh iascaigh agus do Bharshaothraithe sa chreat dlíthiúil nua.
- (26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa, a bhaint amach go leordhóthanach, tá gá le cur chuige comhordaithe agus comhchuibhithe. Dá bhrí sin, ar mhaithe le comhleanúnachas agus inchomparáideacht, is fearr is féidir an cuspóir a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, i gcás inar cheart don Aontas a bheith in ann bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal céanna, níor cheart go rachadh an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (27) Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn san iascach agus sa do Bharshaothrú, agus ar athruithe ar thosaíochtaí beartais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na topaicí mionsonraithe a liostaítear sa Rialachán seo a leasú agus i ndáil le ceanglais sonraí a shonrú le haghaidh bailiúcháin sonraí *ad hoc*. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, ba cheart don Choimisiún na costais agus na hualaí riaracháin a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>26</sup>. Go

<sup>23</sup> SIMS dá dtagraítear in <https://ec.europa.eu/eurostat/web/metadata/reference-metadata-reporting-standards>.

<sup>24</sup> Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta don Chóras Staidrimh Eorpach, lena n-ionadaítear Moladh 2009/498/CE maidir le meiteashonraí tagartha don Chóras Staidrimh Eorpach, IO L 53, 21.2.2023, lch. 104, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2023/397/oj>.

<sup>25</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Meastóireacht ar Staidreamh Iascaigh na hEorpa (SWD(2019) 425).

<sup>26</sup> Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree\\_interinst/2016/512/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2016/512/oj)).

sonrach, chun rannpháirtíocht chombhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart go mbeadh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (28) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le sonraí rialta agus sonraí *ad hoc* araon a shonrú: (i) eilimintí teicniúla na dtacar sonraí atá le tarchur agus a bhformáidí teicniúla; (ii) liosta na n-athróg; (iii) tuairiscí ar na hathróga; (iv) na haonaid tomhais; (v) na hathróga maidir le speicis íogaire; (vi) na hathróga maidir le táirgeadh orgánach; (vii) na hathróga ar an leibhéal réigiúnach; (viii) na tairseacha chun athróga díolmhaithe a shainaithint; (ix) na haonaid bhreathnóireachta; (x) na ceanglais bheachtas; (xi) na rialacha modheolaíochta; agus (xii) agus na spriocdhátaí chun na sonraí a tharchur. Ina theannta sin, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun socrúithe praiticiúla a shonrú le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta agus a n-ábhar agus chun maoluithe a dheonú do na Ballstáit. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>27</sup>. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú aige, ba cheart don Choimisiún gnéithe amhail an costas agus an t-ualach riaracháin ar fhreagróirí agus ar na Ballstáit a chur san áireamh.
- (29) I gcásanna cuí-réasúnaithe, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann maoluithe a dheonú do na Ballstáit ar feadh tréimhse theoranta ama más gá coigeartuithe móra a dhéanamh ar a gcórais staidrimh náisiúnta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus, go háirithe, chun córais bailithe sonraí a oiriúnú do cheanglais nua, lena n-áirítear úsáid foinsí riaracháin.
- (30) Chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit agus ar an Aontas araon cistiú a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh do ranníocaíocht airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontas.
- (31) Ba cheart comhordú laistigh de CSE a neartú chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht staidrimh iascaigh agus do bharshaothraithe a áirithiú.
- (32) Ba cheart na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur in ionad na mbearta a leagtar amach le Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006,<sup>28</sup> (CE) Uimh. 762/2008<sup>29</sup>, (CE)

<sup>27</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>.

<sup>28</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tiolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91, IO L 403, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1921/oj>.

<sup>29</sup> Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tiolacadh staidrimh i ndáil le do bharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle, IO L 218, 13.8.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/762/oj>.

Uimh. 216/2009<sup>30</sup>, (CE) Uimh. 217/2009<sup>31</sup> agus (CE) Uimh. 218/2009<sup>32</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacháin sin a aisghairm.

(33) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhtháite le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le heastóscadh acmhainní bitheolaíocha na mara trí ghníomhaíochtaí iascaireachta agus lena gcur ar an margadh, agus le bunaíochtaí cabhlaigh gabhála, táirgthe do bharshaothraithe agus do bharshaothraithe an Aontais.
2. Cumhdóidh an staidreamh a bhaineann le hiascach agus do bharshaothrú na réimsí agus na topaicí seo a leanas:
  - (1) staidreamh iascaigh:
    - (a) gabhálacha;
    - (b) gabhálacha a thugtar i dtír;
    - (c) cabhlach gabhála;
  - (2) Staidreamh do bharshaothraithe:
    - (a) táirgeadh do bharshaothraithe seachas gorlanna agus iasclanna;
    - (b) sreafaí sa do bharshaothrú;
    - (c) bunaíochtaí do bharshaothraithe.

### *Airteagal 2*

#### Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) Beidh ag ‘uisce an Aontais’, ‘acmhainní bitheolaíocha na mara’, ‘soitheach iascaireachta’, ‘soitheach iascaireachta de chuid an Aontais’, ‘ábhar muirí aischurtha’, ‘do bharshaothrú’, ‘gníomhaíocht iascaireachta’, ‘táirgí iascaigh’ agus ‘táirgí do bharshaothraithe’, an bhrí atá acu faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (1), (2), (4), (5), (10), (25), (28), (29) agus

<sup>30</sup> Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú), IO L 87, 31.03.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/216/oj>.

<sup>31</sup> Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú) IO L 87, 31.3.2009, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/217/oj>.

<sup>32</sup> Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú), IO L 87, 31.3.2009, lch. 70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/218/oj>.

- (34) faoi seach de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>33</sup>;
- (2) Beidh le ‘cabhlach iascaireachta an Aontais’ an bhrí atá aige faoin sainmhíniú comhfhreagrach a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún;
  - (3) beidh le ‘speicis íogaire’ an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (8) de Rialachán (AE) 2019/1241<sup>34</sup>;
  - (4) beidh le ‘gabhála’ agus ‘gabhála a thugtar i dtír’ an bhrí atá acu faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 2, pointí (15) agus (16) de Rialachán (CE) Uimh. 1639/2001 ón gCoimisiún<sup>35</sup>;
  - (5) beidh le ‘ceadúnas iascaireachta’, ‘iascach áineasa’ agus ‘soitheach gabhála’ an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (9), (28) agus (33) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
  - (6) beidh le ‘táirgeadh orgánach’ an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (1) de Rialachán (AE) 2018/848<sup>36</sup>;
  - (7) beidh le ‘cur ar an margadh’ an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 5, pointe (f) de Rialachán (AE) 1379/2013<sup>37</sup>.
  - (8) ciallaíonn ‘speiceas’ *tacsón* orgánach a shainnítear leis an gcód 3-alfa idirnáisiúnta<sup>38</sup>, arna bhunú ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (‘FAO’) (Liosta speiceas chun críoch staidrimh iascaigh maidir le

---

<sup>33</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj>.

<sup>34</sup> Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2019/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle, IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj>.

<sup>35</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1639/2001 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2001 lena mbunaítear na cláir Chomhphobail íosta agus leathnaithe chun sonraí a bhailiú in earnáil an iascaigh agus lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1543/2000 ón gComhairle, IO L 222, 17.8.2001, lch. 53, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1639/oj>.

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj>.

<sup>37</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margái i dtáirgí iascaigh agus docharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1379/oj>.

<sup>38</sup> Liosta Speiceas chun Críoch Staidrimh Iascaigh (<https://www.fao.org/fishery/en/collection/asfis/en>) sna hEolaíochtaí Uisceacha agus sa Chóras Faisnéise Iascaigh

hEolaíochtaí Uisceacha agus Córas Faisnéise Iascaigh), nó — i gcás nach ann dó sin — leis an gcód 3-alfa do chomhiomláin *tacsón*;

- (9) Ciallaíonn ‘limistéir iascaireachta FAO’ na limistéir gheografacha iascaireachta a shaináithnítear trí úsáid a bhaint as an gcód uimhriúil idirnáisiúnta, arna bhunú ag FAO<sup>39</sup> chun críoch staidrimh;
- (10) ciallaíonn ‘iascaireacht tráchtála’ saothrú tráchtála acmhainní bitheolaíocha na mara a dhéanann soitheach gabhála a bhfuil ceadúnas iascaireachta bailí aige, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ceadúnas aige nó atá cláraithe i gcóras malartach iascaireachta gan soitheach;
- (11) ciallaíonn ‘gabhálacha tráchtála’ gabhálacha a fhaightear trí iascaireacht tráchtála, cé is moite d’ábhar muirí aiscurtha;
- (12) ciallaíonn ‘gabhálacha áineasa’ gabhálacha speiceas faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a dhéantar ar chríoch an Aontais agus in uiscí an Aontais;
- (13) ciallaíonn ‘céad díolachán acmhainní bitheolaíocha muirí a thugtar i dtír’ an t-idirbheart airgeadais tosaigh ina gcuirtear táirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír ar an margadh den chéad uair;
- (14) ciallaíonn ‘bunaíocht do Bharshaothraithe’ aon áitreabh atá teormharcáilte nó sainaitheanta ó thaobh riaracháin de ina dtarlaíonn do Bharshaothrú, cé is moite de tháirgeadh uisceadán agus speiceas ornáideach. Féadfaidh roinnt línte táirgthe a bheith ag an mbunaíocht do Bharshaothraithe chéanna;
- (15) ciallaíonn ‘do Bharshaothrú gabháilbhunaithe’ an cleachtas arb é atá ann ábhair ‘síolta’ - ó chéimeanna luatha saoil go daoine fásta - a bhailiú ón bhfiántas agus iad a fhás i mbraighdeanas ina dhiaidh sin go dtí a méid indíolta, agus teicnící do Bharshaothraithe á n-úsáid;
- (16) ciallaíonn ‘an chéad díolachán’ sa do Bharshaothrú an t-idirbheart airgeadais tosaigh ina gcuirtear táirgí do Bharshaothraithe ar an margadh den chéad uair;
- (17) ciallaíonn ‘gorlanna agus iasclanna’ áiteanna le haghaidh pórú saorga, gor agus tógáil luathchéime saoil a dhéanamh ar orgánaigh uisceacha. Chun críocha staidrimh, teorannaítear gorlanna d’uibheacha toirchithe a tháirgeadh. Táirgtear na chéad chéimeanna óga d’ainmhithe uisceacha in iasclanna;
- (18) ciallaíonn ‘táirgeadh do Bharshaothraithe’ an t-aschur ó dhobharshaothrú, lena n-áirítear táirgeadh ó ghorlanna agus ó iasclanna, a thairgtear lena dhíol;
- (19) ciallaíonn ‘scaoileadh amach san fhiadhúlra’ orgánaigh uisceacha a scaoileadh amach d’aon ghnó chun aibhneacha, lochanna agus uiscí eile a athstocáil – seachas chun críoch do Bharshaothraithe;
- (20) ciallaíonn ‘aonad breathnóireachta’ eintiteas in-sainaitheanta ar féidir sonraí a fháil ina thaobh;
- (21) ciallaíonn ‘fearann’ tacar sonraí amháin nó níos mó a chumhdaíonn topaicí ar leith;

---

<sup>39</sup> Lámhleabhar CWP ar chaighdeán staidrimh iascaigh. Roinn H: Limistéir iascaigh chun críocha staidrimh: <https://www.fao.org/cwp-on-fishery-statistics/handbook/general-concepts/main-water-areas/en/>.

- (22) ciallaíonn ‘topaic’ inneachar na faisnéise atá le tiomsú faoi na haonaid bhreathnóireachta, i gcás ina gcumhdaíonn gach topaic topaic mhionsonraithe amháin nó níos mó;
- (23) ciallaíonn ‘topaic mhionsonraithe’ inneachar mionsonraithe na faisnéise atá le tiomsú faoi na haonaid bhreathnóireachta a bhaineann le topaic; le gach topaic mhionsonraithe, cumhdaítear athróg amháin nó níos mó;
- (24) ciallaíonn ‘tacar sonraí’ athróg chomhiomlánaithe amháin nó níos mó atá eagraithe i bhfoirm struchtúrtha;
- (25) ciallaíonn ‘athróg’ saintréith aonaid breathnóireachta a bhféadfadh níos mó ná tacar luachanna amháin a bheith aige;
- (26) ciallaíonn ‘sonraí *ad hoc*’ sonraí ar díol spéise ar leith iad d’úsáideoirí ag pointe sonracha ama ach nach n-áirítear sna tacair sonraí rialta;
- (27) ciallaíonn ‘sonraí riaracháin’ sonraí arna nginiúint ag foinse nach foinse staidrimh í agus a bhíonn i seilbh comhlachtaí poiblí nó príobháideacha de ghnáth, agus nach é is príomhaidhm dóibh staidreamh a sholáthar;
- (28) ciallaíonn ‘meiteashonraí’ an fhaisnéis is gá chun staidreamh a úsáid agus a léiriú agus a thugann tuairisc ar shonraí ar bhealach struchtúrtha.

### *Airteagal 3*

#### Aonaid bhreathnóireachta

Chun críche an Rialacháin seo, gheofar sonraí do na haonaid bhreathnóireachta seo a leanas:

- (a) cabhlach iascaireachta an Aontais;
- (b) cabhlaigh iascaireachta eile nach cabhlaigh de chuid an Aontais iad a thugann táirgí iascaigh i dtír san Aontas;
- (c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ceadúnas acu nó atá cláraithe i gcóras malartach iascaireachta chun iascaireacht a dhéanamh gan soitheach;
- (d) úinéirí long, mórdhíoltóirí, ceannaitheoirí cláraithe, ceantanna cláraithe agus eagraíochtaí táirgeoirí atá údaraithe ag na Ballstáit;
- (e) daoine nádúrtha atá i mbun iascach áineasa san Aontas;
- (f) Bunaíochtaí do bharshaothraithe de chuid an Aontais.

### *Airteagal 4*

#### Ceanglais maidir le sonraí

1. Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh na topaicí mionsonraithe, na minicíochtaí tarchuir, na tréimhsí tagartha agus na toisí a bhaineann le speicis íogaire, an táirgeadh orgánach agus an miondealú réigiúnach ar staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe dá dtagraítear in Airteagal 1.
2. Tarchuirfear sonraí réigiúnacha muirí ar leibhéal na réigiún iascaireachta staidrimh is mionsonraithe a úsáidtear i limistéir iascaireachta FAO. Tarchuirfear sonraí réigiúnacha intíre ar leibhéal NUTS 2, mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.

3. Chun an t-ualach riaracháin agus airgeadais a theorannú, féadfar Ballstát a dhíolmhú ó shonraí maidir le hathróg áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) más rud é:
  - (a) tá leitheadúlacht nialasach nó íseal ag an athróg sa Bhallstát sin; nó
  - (b) is ionann an athróg agus cion beag den táirgeadh do Bharshaothraithe ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach (limistéar FAO nó leibhéal NUTS 2).
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun an Iarscríbhinn a leasú, trí thopaicí mionsonraithe a chur léi, a scriosadh nó a athrú, lena n-áirítear tuairiscí orthu, agus trí mhinicíochtaí tarchuir, tréimhsí tagartha agus toisí infheidhme na dtopaicí mionsonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a athrú.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na hítimí teicniúla seo a leanas, agus i gcás inarb infheidhme, na dtacar sonraí aonair atá le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) a shonrú:
  - (a) an liosta athróg;
  - (b) tuairiscí na n-athróg;
  - (c) na haonaid tomhais;
  - (d) na hathróga maidir le speicis íogaire;
  - (e) na hathróga maidir le táirgeadh orgánach;
  - (f) na hathróga ar an leibhéal réigiúnach;
  - (g) na tairseacha chun athróga díolmhaithe a shainaithint;
  - (h) na ceanglais bheachtais;
  - (i) na rialacha modheolaíocha;
  - (j) na spriodchátaí atá ann leis na sonraí a tharchur.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin faoin nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) naoi mí ar a laghad roimh thús na bliana tagartha ábhartha.
6. Tarchuirfidh na Ballstáit sonraí agus meiteashonraí gaolmhara trí úsáid a bhaint as formáid theicniúil arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat) le haghaidh gach tacair sonraí. Úsáidfear seirbhísí an phointe iontrála aonair chun na sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

#### *Airteagal 5*

##### *Bailiú sonraí ad hoc*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na sonraí atá le tarchur ag na Ballstáit ar bhonn *ad hoc* a shonrú, i gcás ina meastar, laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, gur gá faisnéis bhreise a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise staidrimh. Sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe sin:

- (a) na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a bhaineann leis na réimsí a shonraítear in Airteagal 1 atá le cur san áireamh sa bhailiú sonraí *ad hoc* agus na cúiseanna atá le riachtanais bhreise staidrimh den sórt sin;
  - (b) na tréimhsí tagartha.
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh ag tosú ón mbliain tagartha [*dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Beidh eatramh dhá bhliain ar a laghad idir na sprioc-amanna chun bailiúcháin sonraí *ad hoc* leantacha a tharchur.
3. Chun críche na mbailiúchán *ad hoc* sonraí dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na gnéithe teicniúla seo a leanas de na sonraí atá le tarchur, i gcás inarb iomchuí:
- (a) an liosta athróg;
  - (b) tuairiscí na n-athróg;
  - (c) na haonaid tomhais;
  - (d) na hathróga maidir le speicis íogaire;
  - (e) na hathróga maidir le táirgeadh orgánach;
  - (f) na hathróga ar an leibhéal réigiúnach;
  - (g) na tairseacha chun athróga díolmhaithe a shainaithint;
  - (h) na ceanglais bheachtais;
  - (i) na rialacha modheolaíoch;
  - (j) na sprioc-amanna chun na sonraí a tharchur;
  - (k) na haonaid bhreathnóireachta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin faoin nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) naoi mí ar a laghad roimh thús na bliana tagartha ábhartha.

### *Airteagal 6*

#### Cumhdach

- 1. Beidh an staidreamh ionadaíoch don phobal staidrimh a bhfuil sé ag tabhairt tuairisce air.
- 2. Chun an t-ualach riaracháin agus an t-ualach ar fhreagróirí staidrimh a laghdú, cumhdóidh na sonraí maidir le hiascach agus do Bharshaothrú dá dtagraítear in Airteagal 1(2) an méid seo a leanas i ngach Ballstát ar a laghad:
  - 95 % de mheáchan na ngabhálacha tráchtála;
  - 90 % de chabhlach gabhála an Aontais, do mheáchan na n-ábhar muirí aischurtha;
  - 90 % de na daoine nádúrtha atá i mbun iascach áineasa;
  - 95 % de mheáchan na ngabhálacha a thugtar i dtír;
  - 95 % de chabhlach gabhála an Aontais;
  - 95 % den táirgeadh do Bharshaothraithe.

## *Airteagal 7*

Staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a tháirgeadh

1. Chun staidreamh Eorpach maidir le gabhálacha agus maidir le cabhlach gabhála an Aontais a tháirgeadh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí ábhartha ó na bunachair sonraí nó ó na cláir arna mbunú le dlí an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 8(2), a athúsáid, ar sonraí iad a choinníonn an Coimisiún ar bun nó a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta agus a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún orthu. Sula scaipfidh sé an staidreamh sin, rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis na húdaráis staidrimh náisiúnta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais rúndachta staidrimh. Má dhéanann Ballstát agóid in aghaidh athúsáid a shonraí náisiúnta ag an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí maidir le gabhálacha agus maidir leis an gcabhlach gabhála i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann bunús cuí le hagóid den sórt sin agus tabharfaidh sé fógra ina leith don Choimisiún (Eurostat) tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thús na bliana tagartha.
2. Chun staidreamh Eorpach maidir le gabhálacha a thugtar i dtír agus maidir le dobharshaothrú a tháirgeadh, tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) staidreamh maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus maidir le dobharshaothrú i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe.
3. Má thagann sonraí ábhartha maidir le gabhálacha a thugtar i dtír nó maidir le dobharshaothrú ó bhunachair sonraí nó ó chlár eile arna mbunú le dlí an Aontais chun cinn, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí sin a athúsáid chun staidreamh a tháirgeadh de réir na nósanna imeachta céanna a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11.

## *Airteagal 8*

Foinsí sonraí agus modhanna

1. Úsáidfidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na foinsí sonraí agus na modhanna seo a leanas, ar choinníoll go gcumasáionn siad staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 11:
  - (a) foinsí sonraí riaracháin a shonraítear i mír 2;
  - (b) foinsí sonraí riaracháin bunaithe ar an dlí náisiúnta;
  - (c) suirbhéanna staidrimh;
  - (d) modhanna agus foinsí nuálacha, amhail uirlisí digiteacha agus cianbhraiteoirí.
2. A mhéid a bhaineann le mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit na sonraí ó na foinsí seo a leanas a úsáid:
  - (a) bunachair sonraí leictreonacha arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle;
  - (b) bunachair sonraí ríomhairithe arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2017/1004;
  - (c) Clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais arna bhunú faoi Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún;

- (d) cláir arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2018/848;
- (e) aon fhoinsé sonraí riaracháin ábhartha eile arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

### *Airteagal 9*

#### Comhroinnt sonraí le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí comhiomlánaithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, idir-rialtasacha agus réigiúnacha bainistithe iascaigh, faoi réir socrú a bhunú idir an Coimisiún (Eurostat) agus an eagraíocht lena mbaineann chun a áirithiú go n-úsáidfeair na sonraí chun críoch staidrimh nó eolaíocha agus chun na gcríoch sin amháin. Leis an socrú sin, cuirfeair bearta iomchuí chun feidhme freisin: (i) na sonraí a chosaint, go háirithe, chun cosaint fhisiceach agus loighciúil sonraí rúnda a áirithiú; agus (ii) faireachán a dhéanamh ar an riosca maidir le nochtadh neamhdhleathach nó aon úsáid thar na críocha dár tarchuireadh na sonraí agus an riosca sin a chosc. Beidh tarchur sonraí rúnda sa chomhthéacs sin i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann.

### *Airteagal 10*

#### An tréimhse thagartha

Tosóidh an chéad tréimhse thagartha sa bhliain féilire [*cuir isteach an bhliain dar tús an 1 Eanáir 18 mí tar éis a ghlactha*].

### *Airteagal 11*

#### Ceanglais cháilíochta agus tuairisciú cáilíochta

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí arna dtarchur chuig an gCoimisiún a áirithiú.
3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí arna dtarchur chuige nó arna bhfáil ó fhoinsí riaracháin ar leibhéal an Aontais.
4. Chun críche mhír 3, tarchuirfidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair faoin [*le líonadh isteach go hiomchuí*], agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil cháilíochta ina mbeidh tuairisc ar na próisis staidrimh do na sonraí a tharchuirfeair le linn na tréimhse, lena n-áirítear go háirithe:
  - (a) meiteashonraí lena dtugtar tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh agus ar an gcaoi ar baineadh amach na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos leis an Rialachán seo;
  - (b) faisnéis faoi cháilíocht na sonraí a fhaightear ó na foinsí a leagtar amach in Airteagal 8(1) agus a úsáidtear chun staidreamh a tháirgeadh faoin Rialachán seo;
  - (c) faisnéis faoi chomhlíonadh na gceanglas cumhdaigh a leagtar amach in Airteagal 6.

5. Foilseoidh an Coimisiún (Eurostat) tuarascáil cháilíochta gach trí bliana maidir le staidreamh i ndáil le hiascach agus le dobharshaothrú, arna tiomsú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a luaitear in Airteagal 7.
6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar amach na socruithe praiticiúla le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin faoin nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).
7. Cuirfidh na Ballstáit, i gcás inar gá, an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur.
8. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), soláthróidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirtear.

### *Airteagal 12*

Córas idirthréimhseach le haghaidh sonraí maidir le gabhálacha speiceas íogair agus iascach áineasa

De mhaolú ar Airteagal 7, díolmhófar na Ballstáit ó shonraí a tharchur a bhaineann le gabhálacha speiceas íogair agus iascach áineasa go dtí go mbeidh na sonraí ar fáil mar a cheanglaítear le hAirteagail 14 agus 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

### *Airteagal 13*

Ranníocaíocht ón Aontas

1. Maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfar ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, chun freastal ar na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:
  - (a) bailiúcháin sonraí *ad hoc* dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán seo;
  - (b) modhanna agus cuir chuige nuálacha a úsáid, amhail uirlisí digiteacha agus cianbhraiteoirí, dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(d) den Rialachán seo.
2. Ní rachaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais faoin Airteagal seo thar 90 % de na costais incháilithe.
3. Socrófar méid ranníocaíocht airgeadais an Aontais faoin Airteagal seo faoi rialacha an chláir cistiúcháin ábhartha, faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

### *Airteagal 14*

Maoluithe

1. I gcás inar gá oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chóras staidrimh Ballstáit de bharr chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmlichte arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonaítear maoluithe don Bhallstát sin ar feadh uastréimhse dhá bhliain. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh chuí-réasúnaithe le haghaidh deonú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh

de thrí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh atá i gceist.

Coinneofar chomh híseal agus is féidir an tionchar a bheidh ag na maoluithe sin ar inchomparáideacht shonraí na mBallstát nó ar ríomh na gcomhiomlán Eorpach a cheanglaítear ar bhealach tráthúil ionadaíoch. Agus an maolú á dheonú, cuirfear san áireamh an t- ualach ar fhreagróirí.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a ghlacadh faoin nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

### *Airteagal 15*

#### Tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(4) agus 5(1) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun tarmligean cumhachta a chúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
5. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr.
6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(4) nó 5(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

### *Airteagal 16*

#### Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

#### *Airteagal 17*

##### Aisghairmeacha

1. Déanfar Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009, agus (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir [*den bhliain 18 mí tar éis a nglactha*] gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach sna gníomhartha dlí sin maidir le tarchur sonraí agus meiteashonraí, lena n-áirítear tuarascálacha cáilíochta, le haghaidh tréimhsí tagartha a thiteann, go hiomlán nó go páirteach, roimh an dáta sin.
2. Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

#### *Airteagal 18*

##### Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir [*den bhliain 18 mí tar éis a nglactha*]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## **RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

|        |   |   |
|--------|---|---|
| 1.     | LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....  | 3 |
| 1.1.   | Teideal an togra/tionscnaimh .....  | 3 |
| 1.2.   | Réimsí beartais lena mbaineann.....   | 3 |
| 1.3.   | Cuspóirí.....   | 3 |
| 1.3.1. | Cuspóirí ginearálta .....   | 3 |
| 1.3.2. | Cuspóirí sonracha.....  | 3 |
| 1.3.3. | An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....   | 3 |
| 1.3.4. | Táscairí feidhmíochta.....  | 3 |
| 1.4.   | Baineann an togra/tionscnaimh le .....  | 4 |
| 1.5.   | Foras an togra/tionscnaimh .....  | 4 |
| 1.5.1. | Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh .....   | 4 |
| 1.5.2. | Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin..... | 5 |
| 1.5.3. | Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart .....  | 5 |
| 1.5.4. | Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....   | 5 |
| 1.5.5. | Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....  | 5 |
| 1.6.   | Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .....   | 6 |
| 1.7.   | Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme .....  | 6 |
| 2.     | BEARTA BAINISTÍOCHTA.....   | 7 |
| 2.1.   | Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....   | 7 |
| 2.2.   | Córais bainistíochta agus rialaithe .....   | 7 |
| 2.2.1. | An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe .....  | 7 |
| 2.2.2. | Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....   | 7 |
| 2.2.3. | Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) .....  | 7 |

|          |  |    |
|----------|--|----|
| 2.3.     | Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....   | 7  |
| 3.       | AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .....  | 8  |
| 3.1.     | Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....   | 8  |
| 3.2.     | An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .....                                   | 10 |
| 3.2.1.   | Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....                  | 10 |
| 3.2.1.1. | Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....  | 10 |
| 3.2.2.   | An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....                             | 17 |
| 3.2.3.   | Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin .....                                 | 19 |
| 3.2.3.1. | Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....  | 19 |
| 3.2.4.   | Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....  | 19 |
| 3.2.4.1. | Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....  | 20 |
| 3.2.5.   | Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach..... | 21 |
| 3.2.6.   | Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .....   | 22 |
| 3.2.7.   | Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....   | 22 |
| 3.3.     | An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam .....  | 23 |
| 4.       | GNÉITHE DIGITEACHA.....  | 24 |
| 4.1.     | Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha.....   | 24 |
| 4.2.     | Sonraí .....   | 25 |
| 4.3.     | Réitigh dhigiteacha.....   | 29 |
| 4.4.     | Measúnú idir-inoibritheachta .....   | 30 |
| 4.5.     | Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .....   | 33 |

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, 762/2008, 216/2009, 217/2009 agus 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Staidreamh Eorpach agus an Comhbheartas Iascaigh a tháirgeadh

## 1.3. Cuspóirí

### 1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm do reachtaíocht Staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa staidreamh Eorpach ardcháilíochta, inchomparáide agus tráthúil a chur ar fáil maidir le hiascach (gabhála, gabhála a thugtar i dtír agus cabhlach) agus maidir le do Bharshaothrú a thacaíonn le dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht ar CBI agus ar bheartais ghaolmhara de chuid an Aontais, agus ualaí agus costais riaracháin do na Ballstáit á laghdú an tráth céanna.

Áireofar i Staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa príomhchretrialachán agus gníomhartha cur chun feidhme. Mar rialachán, tá príomhghníomh staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa infheidhme go díreach i mBallstáit an Aontais, ach sonrú sa dá ghníomh cur chun feidhme liostaí athróg agus tuairiscí, agus ceanglais mhodheolaíochta den chuid is mó.

### 1.3.2. Cuspóirí sonracha

#### Cuspóir Sonrach Uimh. 1

Ceanglas dlíthiúil a fhorchur ar na Ballstáit staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe a tháirgeadh lena gcumhdaítear an tAontas ina iomláine;

#### Cuspóir sonracha Uimh. 2

Creat a tharraingt suas le haghaidh staidrimh inchomparáide ardcháilíochta sa réimse seo.

### 1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

I gcás úsáideoirí sonraí, amhail an Coimisiún Eorpach agus institiúidí eile de chuid an Aontais, ba cheart do staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa staidreamh Eorpach ardcháilíochta, inchomparáide agus tráthúil a sholáthar maidir le hiascach agus do Bharshaothrú chun CBI agus beartais ghaolmhara an Aontais a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

I gcás táirgeoirí sonraí náisiúnta, ba cheart do staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa: ualaí agus costais riaracháin a laghdú.

I gcás na n-earnálacha iascaireachta agus do Bharshaothraithe, ba cheart do staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa sonraí a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar an margadh gan ualach breise.

### 1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Iomláine an staidrimh iascaigh agus do Bharshaothraithe.

Staidreamh iascaigh agus do Bharshaothraithe a scaipeadh i mbunachair sonraí Eurostat a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart<sup>1</sup>
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

#### 1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ó bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa sna 1950idí, tá staidreamh iascaigh na hEorpa curtha ar fáil ag Eurostat maidir le gabhálacha éisc, gabhálacha a thugtar i dtír, cabhlach iascaireachta an Aontais agus do Bharshaothrú, rud atá riachtanach do ghníomhaíochtaí an Aontais. Cumhdaítear an staidreamh sin faoi láthair le cúig ghníomh dlí a théann siar go dtí na 1990idí le hathmhúnlú sna 2000idí. Leagtar síos leis na rialacháin, i measc nithe eile, na hathróga staidrimh, na limistéir iascaireachta a chumhdaítear, tréimhsí tagartha, spriocdhátaí tarchuir agus critéir cháilíochta staidrimh.

Tá gá le staidreamh oifigiúil Eorpach atá ábhartha, inchomparáide agus tráthúil chun beartais agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hiascach a cheapadh, a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Tá gá leis an staidreamh sin, go háirithe, le haghaidh na nithe seo a leanas: (i) acmhainní bitheolaíoch na mara a chaomhnú; (ii) CBI, lena n-áirítear do Bharshaothrú; agus (iii) beartais agus reachtaíocht an Aontais, mar shampla, maidir leis an gcomhshaol, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide, réigiúin, sláinte phoiblí, sábháilteacht bia agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Tá an staidreamh sin úsáideach freisin chun faireachán a dhéanamh ar thionchar an iascaigh ar speicis íogaire agus ar ghnáthoga íogaire, agus ar thionchar an do Bharshaothraithe ar cháilíocht an uisce.

Le blianta beaga anuas, áfach, mar gheall ar athruithe agus athchóirithe ar CBI, tionscnaimh nua de chuid an Aontais agus infhaighteacht mhéadaitheach foinsí sonraí riaracháin agus foinsí sonraí eile chun staidreamh iascaigh a thiomsú, níl an creat dlíthiúil reatha chomh hábhartha agus chomh héifeachtach céanna maidir le freastal ar riachtanais sonraí. Ina theannta sin, tá an bunús dlí atá ann faoi láthair sách dolúbtha agus is é an toradh a bhíonn ar a chastacht go ndéantar cuid mhór sonraí do Bharshaothraithe a mharcáil mar shonraí rúnda agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad ar fáil go poiblí. Tá forluí ann freisin idir sreafaí sonraí iascaigh ó Bhallstáit an Aontais chuig ranna éagsúla den Choimisiún Eorpach agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla. Tá gá le gníomh dlí nua chun na dúshlán sin a shárú.

<sup>1</sup> Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo le haghaidh rialachán nua staidrimh ábharthacht staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa a fheabhsú trí riachtanais úsáideoirí a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí, agus solúbthacht a mhéadú an tráth céanna. Ina theannta sin, leathnaítear an cumhdach, laghdaítear méid na sonraí rúnda, agus tugtar aghaidh ar shaincheisteanna cáilíochta sna sonraí foinseacha. Is é an toradh atá air sin go mbíonn níos lú bearnaí sonraí, forluí agus neamhréireachtaí ann laistigh de chórais an Aontais agus de chórais dhomhanda staidrimh iascaigh.

Meastar go nglacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh an chreata dhlíthiúil nua maidir le staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa faoi 2025. Meastar go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán in 2027, agus ba cheart na forálacha cur chun feidhme a leanúint in 2028.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais, tá CBI faoi réir ghníomhaíocht an Aontais go bunúsach.

Ní mór comhbheartas iascaigh a bheith bunaithe go bunúsach ar staidreamh oifigiúil iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa atá incomparáide, tráthúil agus ar ardchaighdeán, rud nach féidir a áirithiú ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ach trí chur chuige coiteann comhordaithe amháin. Leis an reachtaíocht Eorpach maidir le staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe, soláthraítear creat uile-Aontais chun sonraí a bhailiú agus staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe a sholáthar trí úsáid a bhaint as coincheapa agus sainmhínithe atá comhchuibhithe ar fud na mBallstát uile. Forchuirtear leis caighdeán agus modheolaíochtaí coiteanna a tháirgeann ní hamháin torthaí incomparáide do riachtanais bhainistíochta agus anailíse CBI agus bheartais eile an Aontais, ach a fheabhsaíonn éifeachtúlacht, tráthúlacht agus iontaofacht freisin.

Gineann staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa breisluch nach beag trí shlabhra cuimsitheach gníomhaíochtaí a chomhtháthú a dhéanann an méid seo a leanas: (i) riachtanais, sainmhínithe agus ceanglais úsáideoirí a ailíniú; (ii) tiomsú agus tarchur sonraí a chomhordú; (iii) critéir cháilíochta chomhroinnte agus creat bailíochtaí a bhunú; agus (iv) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an chreata dhlíthiúil. Áirithítear leis an bpróiseas comhtháite sin go mbeidh staidreamh iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa ar fáil go héasca do phobal leathan úsáideoirí.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

I meastóireacht 2019 ar staidreamh iascaigh, cuireadh na pointí seo a leanas i dtábhacht:

1. ní fhreastalaíonn an reachtaíocht reatha maidir le staidreamh iascaigh go leordhóthanach ar riachtanais sonraí nua agus ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn;

2. níl an bunús dlí atá ann faoi láthair solúbtha go leor agus ní fhreagraíonn sé tapa go leor do na riachtanais atá ag teacht chun cinn;
3. tá na ceanglais reachtacha atá ann faoi láthair maidir le dobharshaothrú ró-mhionsonraithe agus bíonn líon ard luachanna rúnda mar thoradh orthu;
4. d'fhéadfaí an staidreamh a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla trí úsáid a bhaint as foinsí sonraí riaracháin Eorpacha;
5. tá roinnt sreafaí sonraí forluiteacha ann.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ní bhaineann le hábhar toisc go gcuirfear chun feidhme é le hacmhainní atá ann cheana.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar, ós rud é go bhfuiltear ag súil leis an gcéad bhailiúchán sonraí tar éis dheireadh an CAI reatha.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

**tréimhse theoranta**

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2027 go 2030,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme<sup>2</sup>**

**Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

**Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

---

<sup>2</sup> Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais:  
<https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>.

comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Rialacha caighdeánacha faireacháin agus tuairiscithe an Choimisiúin.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí iocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Córas bainistíochta deontas caighdeánach Eurostat.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Córas bainistíochta riosca caighdeánach Eurostat.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Neamhbhainteach.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ní mhaoiníonn an Coimisiún táirgeadh rialta staidrimh. I gcás bailiúcháin sonraí *ad hoc*, eiseoidh an Coimisiún glaonna ar thograí le haghaidh deontas.

I dteannta na sásraí rialála uile a chur i bhfeidhm, déanfaidh Eurostat straitéis frithchhalaoise a chur i bhfeidhm a bheidh i gcomhréir le gníomhaíochtaí frithchhalaoise ginearálta an Choimisiúin. Áiríteofar leis sin go mbeidh an cur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus freagairtí oiriúnacha a shainnaithint. Bunófar uirlisí sonracha TF atá tiomnaithe d'anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise i gcás inar gá.

Tá straitéis chigireachta tarraingthe suas ag Eurostat a ghabhann le cur chun feidhme an chaiteachais. Tá na bearta agus na huirlisí sa straitéis sin infheidhme go hiomlán maidir leis an rialachán atá beartaithe. Ach castacht a laghdú, nósanna imeachta faireacháin atá éifeachtach ó thaobh costais de a chur i bhfeidhm, chomh maith le seiceálacha rioscabhunaithe *ex ante* agus *ex post* a dhéanamh, laghdófar an dóchúlacht go ndéanfar calaois agus cuideofar leis an gcalaois a chosc. Is cuid den straitéis chigireachta iad bearta sonracha múscailte feasachta agus oiliúint ábhartha maidir le calaois a chosc.

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

#### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

Ní bheidh tionchar airgeadais an togra ar eolas tráth a ghlacfar an rialachán. Ní bhaineann ranníocaíocht an Aontais le bailiú rialta sonraí staidrimh, ach le bailiúcháin sonraí *ad hoc* amháin, mar a shonraítear in Airteagal 5 den dréachtrialachán. Is féidir na chéad sonraí *ad hoc* a bhailiú 2 bhliain ar a luaithe tar éis na chéad bhliana tagartha má shainaithnítear riachtanas sonraí gan choinne a bhfuil bunús cuí leis. Mar gheall air sin, ní féidir an tionchar airgeadais a shainaithint.

| Ceannteide al de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht                         |   |                      |                    |
|---|---------------|--------------------|---------------------------------------|---|----------------------|--------------------|
|   | Uimhir        | LD/LN <sup>3</sup> | ó thíortha de chuid CSTE <sup>4</sup> | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a <sup>5</sup> | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
|   | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN              | TÁ/NÍL                                | TÁ/NÍL  | TÁ/NÍL               | TÁ/NÍL             |
|   | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN              | TÁ/NÍL                                | TÁ/NÍL  | TÁ/NÍL               | TÁ/NÍL             |
|   | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN              | TÁ/NÍL                                | TÁ/NÍL  | TÁ/NÍL               | TÁ/NÍL             |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteide al de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht            |  |                      |                    |
|---|---------------|--------------------|--------------------------|--|----------------------|--------------------|
|   | Uimhir        | LD/LN              | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
|   | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN              | TÁ/NÍL                   | TÁ/NÍL   | TÁ/NÍL               | TÁ/NÍL             |

<sup>3</sup> LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

<sup>4</sup> CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

<sup>5</sup> Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

|  |               |       |        |        |        |        |
|--|---------------|-------|--------|--------|--------|--------|
|  | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
|  | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

#### 3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

##### 3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil                                      |             | Uimhir   |              |              |              |              |                                  |
|---|-------------|----------|--------------|--------------|--------------|--------------|----------------------------------|
| Ard-Stiúrthóireacht: <.....>  |             |          | Bliain       | Bliain       | Bliain       | Bliain       | <b>IOMLÁN CAI<br/>2021- 2027</b> |
|   |             |          | <b>2024</b>  | <b>2025</b>  | <b>2026</b>  | <b>2027</b>  |                                  |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí  |             |          |              |              |              |              |                                  |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1a)     |              |              |              |              | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | (2a)     |              |              |              |              | <b>0,000</b>                     |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1b)     |              |              |              |              | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | (2b)     |              |              |              |              | <b>0,000</b>                     |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach <sup>6</sup> |             |          |              |              |              |              |                                  |
| Líne bhuiséid   |             | (3)      |              |              |              |              | <b>0,000</b>                     |
| <b>IOMLÁN leithreasuithe<br/>i gcomhair AS &lt;.....&gt;</b>                                  | Gealltanais | =1a+1b+3 | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b>                     |
|   |             |          | Bliain       | Bliain       | Bliain       | Bliain       | <b>IOMLÁN CAI<br/>2021- 2027</b> |
|   |             |          | <b>2024</b>  | <b>2025</b>  | <b>2026</b>  | <b>2027</b>  |                                  |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair  | Gealltanais | (4)      | 0,000        | 0,000        | 0,000        | 0,000        | <b>0,000</b>                     |

<sup>6</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

|  |             |      |              |              |              |              |              |
|--|-------------|------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
| oibríochtaí  | Íocaíochtaí | (5)  | 0,000        | 0,000        | 0,000        | 0,000        | <b>0,000</b> |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath           |             | (6)  | 0,000        | 0,000        | 0,000        | 0,000        | <b>0,000</b> |
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL &lt;...&gt;</b><br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> |
|  | Íocaíochtaí | =5+6 | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> | <b>0,000</b> |

|   |        |  |
|---|--------|--|
| <b>Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil</b> | Uimhir |  |
|---|--------|--|

| Ard-Stiúrthóireacht: <.....>  |             |           | Bliain<br>2024 | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | <b>IOMLÁN CAI<br/>2021- 2027</b> |
|---|-------------|-----------|----------------|----------------|----------------|----------------|----------------------------------|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí  |             |           |                |                |                |                |                                  |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1a)      |                |                |                |                | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | (2a)      |                |                |                |                | <b>0,000</b>                     |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1b)      |                |                |                |                | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | (2b)      |                |                |                |                | <b>0,000</b>                     |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath <sup>7</sup> |             |           |                |                |                |                |                                  |
| Líne bhuiséid   |             | (3)       |                |                |                |                | <b>0,000</b>                     |
| <b>IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS &lt;.....&gt;</b>                                      | Gealltanais | =1a+1b +3 | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | =2a+2b+3  | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>                     |

<sup>7</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéreach, taighde díreach.

| Ard-Stiúrthóireacht: <.....>  |             |          | Bliain<br>2024 | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | IOMLÁN CAI<br>2021- 2027 |
|---|-------------|----------|----------------|----------------|----------------|----------------|--------------------------|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí  |             |          |                |                |                |                |                          |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1a)     |                |                |                |                | 0,000                    |
|   | Íocaíochtaí | (2a)     |                |                |                |                | 0,000                    |
| Líne bhuiséid   | Gealltanais | (1b)     |                |                |                |                | 0,000                    |
|   | Íocaíochtaí | (2b)     |                |                |                |                | 0,000                    |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach <sup>8</sup> |             |          |                |                |                |                |                          |
| Líne bhuiséid   |             | (3)      |                |                |                |                | 0,000                    |
| <b>IOMLÁN leithreasuithe<br/>i gcomhair AS &lt;.....&gt;</b>                                  | Gealltanais | =1a+1b+3 | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |
|   | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |

|  |             |      | Bliain<br>2024 | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | IOMLÁN CAI<br>2021- 2027 |
|--|-------------|------|----------------|----------------|----------------|----------------|--------------------------|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí   | Gealltanais | (4)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |
|  | Íocaíochtaí | (5)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach               |             | (6)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi<br/>CHEANTEIDEAL &lt;...&gt;<br/>den chreat airgeadais ilbhliantúil</b> | Gealltanais | =4+6 | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |
|  | Íocaíochtaí | =5+6 | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000                    |

<sup>8</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

|   |             |      | Bliain<br>2024 | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | <b>IOMLÁN CAI<br/>2021- 2027</b> |
|---|-------------|------|----------------|----------------|----------------|----------------|----------------------------------|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)   | Gealltanais | (4)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | (5)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | <b>0,000</b>                     |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath (gach ceannteideal oibríochta) |             | (6)  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | <b>0,000</b>                     |
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe Faoi Ceannteidil 1 go 6</b><br>den chreat airgeadais ilbhliantúil<br>(Méid tagartha)            | Gealltanais | =4+6 | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>                     |
|   | Íocaíochtaí | =5+6 | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>                     |

| <b>Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil</b> | <b>7</b>       | <b>‘Caiteachas riaracháin’<sup>9</sup></b> |                |                |                |                                      |
|---|----------------|--|----------------|----------------|----------------|--------------------------------------|
| Ard-Stiúrthóireacht: ESTAT                                      |                | Bliain<br>2024                             | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | <b>IOMLÁN<br/>CAI<br/>2021- 2027</b> |
| • Acmhainní daonna  |                | 0,000                                      | 0,000          | 0,000          | 0.564          | <b>0.564</b>                         |
| • Caiteachas riaracháin eile                                    |                | 0,000                                      | 0,000          | 0,000          | 0.056          | <b>0.056</b>                         |
| <b>IOMLÁN AS ESTAT</b>  | Leithreasuithe | <b>0,000</b>                               | <b>0,000</b>   | <b>0,000</b>   | <b>0.620</b>   | <b>0.620</b>                         |

| Ard-Stiúrthóireacht: <.....> |  | Bliain<br>2024 | Bliain<br>2025 | Bliain<br>2026 | Bliain<br>2027 | <b>IOMLÁN<br/>CAI<br/>2021- 2027</b> |
|------------------------------|--|----------------|----------------|----------------|----------------|--------------------------------------|
| • Acmhainní daonna           |  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | <b>0,000</b>                         |
| • Caiteachas riaracháin eile |  | 0,000          | 0,000          | 0,000          | 0,000          | <b>0,000</b>                         |

<sup>9</sup> Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

|                   |                |       |       |       |       |       |
|-------------------|----------------|-------|-------|-------|-------|-------|
| IOMLÁN AS <.....> | Leithreasuithe | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
|-------------------|----------------|-------|-------|-------|-------|-------|

|  |  |       |       |       |       |       |
|--|--|-------|-------|-------|-------|-------|
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b> | (Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0.620 | 0.620 |
|--|--|-------|-------|-------|-------|-------|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

|  |                                    | Bliain 2024            | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|--|------------------------------------|------------------------|-------------|-------------|-------------|-----------------------|
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7</b>                                    | Gealltanais                        | 0,000                  | 0,000       | 0,000       | 0.620       | 0.620                 |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil   | Íocaíochtaí                        | 0,000                  | 0,000       | 0,000       | 0.620       | 0.620                 |
|  |                                    | Bliain 2024            | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí   | Gealltanais                        | (4) 0,000              | 0,000       | 0,000       | 0,000       | 0,000                 |
|  | Íocaíochtaí                        | (5) 0,000              | 0,000       | 0,000       | 0,000       | 0,000                 |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath |                                    | (6) 0,000              | 0,000       | 0,000       | 0,000       | 0,000                 |
| <b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL &lt;...&gt;</b>                              | Gealltanais                        | =4+6 0,000             | 0,000       | 0,000       | 0,000       | 0,000                 |
|  | den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí =5+6 0,000 | 0,000       | 0,000       | 0,000       | 0,000                 |
| <b>Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil</b>                            | Uimhir                             |                        |             |             |             |                       |

|                              |        |        |        |        |            |
|------------------------------|--------|--------|--------|--------|------------|
| Ard-Stiúrthóireacht: <.....> | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | IOMLÁN CAI |
